



Comhairle Chontae na Mí Tuarascáil Bhliantúil 2017

#MakeItMeath

MEATH:
EUROPE'S BUSINESS
READY REGION



comhairle chontae na mí
meath county council

Clár Ábhar

Réamhrá	6
An Daonlathas Áitiúil	7
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin	7
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ceanannais.....	8
Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh.....	9
Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe.....	10
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó.....	11
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim	12
Seirbhísí Corparáideacha	13
2017 - Imeachtaí Móra na Bliana sa Mhí	13
Oifigí Cathrach Nua	13
Comóradh Céad Bliain Ledwidge	16
Comhdháil Ógfheirmeoirí Macra na Feirme (An Slógadh)	17
Gradaim Chathrach	18
An Uaimh.....	18
Cill Dhéagláin.....	20
Ceanannas.....	21
Ráth Tó	21
Baile Átha Troim.....	22
An Inse / Baile an Bhiataigh	22
An Chumarsáid agus na Meáin	22
Seirbhís do Chustaiméirí	23
Saoráil Faisnéise	23
Clár na dToghthóirí	24
Clár na dToghthóirí, 2017/2018	24
Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistiú Riosca	25
Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre.....	25
Córais Faisnéise	25

Acmhainní Daonna	26
An tAirgeadas	28
Soláthar	28
Rátaí Tráchtála	28
Cíosanna.....	28
Iasachtaí.....	28
ÁCPN (Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha)	28
An Phleanáil agus Bainistiú Forbartha	29
Pleanáil chun Cinn.....	29
Ranníocaíochtaí Forbartha	29
Gníomhaíochtaí Comhlíonta	29
Bainistiú Forbartha.....	29
Rialú Foirgníochta	30
An Fhorbairt Eacnamaíoch agus an Fiontar	30
Poist	30
Tacaíochtaí don Ghnó	31
Margaíocht.....	31
An Turasóireacht	31
An Oidhreacht.....	33
Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020.....	33
Tionscadail 2017.....	33
Tithíocht.....	34
Caipiteal Tithíochta	34
Leithdháiltí Tithíochta	35
Deontais Tithíochta	35
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean	35
Cóiríocht don Lucht Siúil	35
Idirchaidreamh le Tionóntaí.....	36
An Rannóg Phobail.....	36
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC).....	36

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) 2016-2021	36
An Clár um Ghníomhachtú an Chuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2015-2017	36
An Clár Leader 2014-2020.....	36
Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)	36
Tionscnamh na Mí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta	37
Comhairle na nÓg	37
Comhchoiste Póilíneachta (JPC).....	37
Saoráidí Pobail	38
Tionscnaimh Phobail - Mórtas Ceantair	38
Scéimeanna Deontais 2017	38
Unity Centre, Baile na Gaoithe, An Uaimh	39
Ciste Éire Folláin (“Healthy Ireland”).....	39
Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte	39
Scéim Bonneagair Caithimh Aimsire Amuigh Faoin Spéir	40
Tionscnamh Clár.....	40
LAPIF – (Limistéar a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Fhorbairt) [RAPID sa Bhéarla].....	40
Ciste Pobail Eirgrid	40
Banda Leathan	40
Seirbhísí Leabharlainne.....	40
Oifig na nEalaíon.....	42
FÉACH.....	42
Féile Bhealtaine 2017.....	42
Dánlann Toradh	42
Saothair Choimisiúnaithe	43
Illuminate Herstory	43
Leanaí & an tAos Óg.....	44
Féilte	45
Clár Ceiliúrtha Chomóradh Céad Bliain Francis Ledwidge	45
Scéimeanna Gradam Deontas & Sparánachtaí Ealaíon	46
Éire Ildánach.....	46

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	47
Athchóiriú Bóithre.....	48
Cóiriú Dromchla:	48
Oibreacha Deisiúcháin Droichead.....	48
Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal	48
Scéimeanna um Iompar Inbhuanaithe.....	48
Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais	49
Seirbhísí Eile	49
Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála	50
Tosaíochtaí Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil	50
Gníomhaíochtaí Oideachais agus Feasachta Comhshaoil.....	50
Polasaí um Charranna Tréigthe.....	51
An tAthrú Aeráide	52
Bainistiú Pleanála Abhantraí.....	52
Soláthar Sleamhnán - An Bhóinn agus An Abhainn Dhubh.....	52
Plean Bainistíochta Trá	52
Boinn - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Boinn agus Boinn Dramhaíola) 2017	53
Athruithe don socrú um bailiúchán fuill teaghlaigh.....	53
An tSeirbhís Dóiteáin	54
Sláinte agus Sábháilteacht	55
Trealamh	55
Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal	55
Cosaint Shibhialta	56
Seirbhísí Uisce.....	56
Plean Corparáideach 2015-2019 – Cuspóirí Straitéiseacha & Straitéisí Tacúla:	57
Aguisín 1 - Comhaltaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha (CBS)	116
CBS Seirbhísí Comhshaoil.....	116
CBS Iompair.....	117
CBS Forbartha Eacnamaíche agus an Fiontair.....	118
CBS Tithíochta, Forbartha Pobail & Cultúrtha.....	119

Aguisín 2 – Gníomhaíochtaí na CBS	120
Gníomhaíochtaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2017	120
Aguisín 3 – Coistí na Comhairle	121
Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Contae na Mí	128
Aguisín 5 – Comhdhálacha thar Lear	129
Aguisín 6 – Comhdhálacha sa Tír	130
Oiliúint	131
Aguisín 7 – Cruinnithe na Comhairle – 2017	136
Aguisín 8 – Ráiteas Airgeadais Bhliantúil	137
Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil 2017 Chomhairle Contae na Mí	137
Aguisín 9 - Ciste Lánroghnach Chomhaltaí na gCeantar Bardasach 2017.....	138

Réamhrá



An Clr. Gerry O' Connor
Cathaoirleach



Jackie Maguire
Príomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dúinn an Tuarascáil Bhliantúil seo, ina dtugtar seans dúinn breathnú síor ar na gníomhaíochtaí agus na héachtaí a rinneadh i gComhairle Contae na Mí le linn 2017, a chur i láthair.

As buiséad 2017 a ghlacadh, a bhí sa níos mó ná €104m, ba é an príomhchuspóir agus Buiséad na bliana 2016 á dhréachtú chun an leibhéal seirbhísí reatha a chothabháil agus chun forálacha méadaithe a thabhairt do roinnt limistéar ar nós na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean agus chothabháil agus fheabhsú na nAonad Tithíochta. Is é an dea-scéala don phobal gnó gur fhan na rátaí tráchtála gan athrú don ochtú bliain as a chéile agus go ndearnadh foráil chun leanúint ar aghaidh leis an Scéim Tacaíochta do Ghnóthais Bheaga. Mar gheall ar an mbuiséad dearfach seo, bhíomar in ann coinneáil orainn ag cur an leibhéal seirbhíse reatha ar fáil, agus ag an am céanna acmhainní breise á gcur ar fáil i réimsí criticiúla agus i réimsí atá ag teacht chun tosaigh.

Cé gur tháinig a lán dúshláin chun cinn in 2017, ba bhliain mhaith a bhí inti inar bhaineamar amach torthaí deimhneacha de dheasca an chur chuige i bhfabhar an ghnó agus i bhfabhar an chustaiméara atá againn. Coinníodh linn béim a dhíriú ar fhorbairt gheilleagrach an chontae a thiomáint trí Straitéis Forbartha Geilleagraí 2014-2022, atá ina thríú bliain anois, a chur i bhfeidhm. Tá borradh leanúnach ag teacht faoi líon na gcuideachtaí scothdomhanda atá ag roghnú an Mhí mar lonnaithe, agus táimid ag súil leis go mbeidh a lán fógraí iontacha faoi chuideachtaí eile in 2018. Tá an ceantar seo againne ar an gceann is fóirsteanáí don ghnó agus ba mhaith linn tairbhe a bhaint as sin sna blianta beaga atá amach romhainn. Is tosaíocht é poist a lonnú sa chontae, agus tá an tAonad forbartha gheilleagrach ullamh agus toilteanach chun tacú le haon duine, nó aon chuideachta, is cuma cé chomh beag nó chomh mór is atá sé, a bhfuil suim acu gnó a bhunú i Mí.

Ba é buaicphointe na bliana ná athlonnú ár gceanncheathrú sibhialta dár n-ionad nua in Buvinda House, tar éis dúinn breis is 100 bliain a chaitheamh bunaithe sna hoifigí bunúla dár gcuid. Ba mhian linn buíochas ar leith a ghabháil le foireann na Comhairle as a dtiomantas agus a ndíograis an t-aistriú a chur i gcrích gan éirí as seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na Mí le i rith an aistrithe sin. Braithimid gur mór an phribhléid dúinn áit oibre struchtúrtha gur féidir linn a bheith bródúil aisti, agus a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir Chontae na Mí de na glúnta atá le teacht. Mar eagraíocht, táimid dea-suite chun seirbhís níos éifeachtúla a chur ar fáil don phobal, do ghrúpaí pobail agus do ghnólachtaí sa chontae.

Tacaíodh sna tionscnaimh Mhórtais Cheantair le gach grúpa pobail a thugann a gcuid ama chun bailte, sráidbhailte agus scoileanna a thiontú ina láithreacha mealltacha do mhuintir na Mí. Gabhaimid buíochas le go leor eagrais saorálach agus pobail a bhíonn rannpháirteach chun an Mhí a fheabhsú. Gabhaimid buíochas lenár gComhairleoirí, Cathaoirligh agus le Comhaltaí na gCoistí Beartais Straitéisigh, leis an bhFoireann Bhainistíochta, as ucht a gcomhoibrithe, óir nárbh fhéidir na gnólachtaí go léir a dtugtar achoimre orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach in éagmais a dtacaíochta agus a dtiomantais.

An Daonlathas Áitiúil

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin

	Bonner	Joe	Neamh-Pháirtí	Bóthar Bhaile an Mhuilinn, Domhnach Mór, Cill Dhéagláin, Co. na Mí Ríomhphost: joe.bonner@members.meathcoco.ie	087-9749563
	Jamal	Suzanne	Fine Gael	"Rahmait", Baile an Phléimeannaigh, Baile an Rátha, Co. na Mí Ríomhphost: suzanne.jamal@members.meathcoco.ie	087-7971297
	O'Driscoll	An Dr. Claire	Fianna Fáil	Baile an Cheantaigh, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: claire.odriscoll@members.meathcoco.ie	086-1545389
	O'Rourke	Darren	Sinn Féin	Brookhaven, The Riggins, Dún Seachlainn, Co. na Mí Ríomhphost: darren.orourke@members.meathcoco.ie	087-4119654
	Smith	Seán	Fianna Fáil	An Baile Trasna, Cill Dhéagláin, Co. na Mí Ríomhphost: sean.smith@members.meathcoco.ie	085-8203065
	Tobin	Alan	Fine Gael	9 Radharc an Iarthair, Cill Dhéagláin, Co. na Mí Ríomhphost: alan.tobin@members.meathcoco.ie	087-6117669

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ceanannais

	Cassidy	Eugene	Fine Gael	Possextown, An Obair, Co. na Mí Ríomhphost: eugene.cassidy@members.meathcoco.ie	086-3717686
	Drew	Sean	Fianna Fáil	8 Corrán Ceanannais, Ceanannas, Co. na Mí Ríomhphost: sean.drew@members.meathcoco.ie	087-4121803
	Gallagher	Michael	Sinn Féin	Droim Conrach, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: michael.gallagher@members.meathcoco.ie	087-9478222
	Gilroy	David	Neamh-Pháirtí	An tSráid Mhór, Baile Átha Buí, Co. na Mí Ríomhphost: david.gilroy@members.meathcoco.ie	087-4172136
	Guirke	Johnny	Sinn Féin	Loughbawn, Droim Eamhna, An Seanchaisleán, Co. na Mí Ríomhphost: johnny.guirke@members.meathcoco.ie	087-1239670
	Reilly	Bryan	Fianna Fáil	Bóthar Ghort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí Ríomhphost: bryan.reilly@members.meathcoco.ie	086-2599184 046-9240122
	Reilly	Sarah	Fine Gael	36 Plás Bective, Ceanannas, Co. na Mí Ríomhphost: sarah.reilly@members.meathcoco.ie	086-4085679

Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh

	Ferguson	Eimear	Sinn Féin	Beabeg, Baile Iúiliáin, Co. na Mí Ríomhphost: eimear.ferguson@members.meathcoco.ie	089-4511757
	Harding	Wayne	Fianna Fáil	Rathmaiden, Baile Shláine, Co. na Mí Ríomhphost: wayne.harding@members.meathcoco.ie	087-7446730
	Kelly	Tom	Neamh-Pháirtí	Uimaine, Bóthar an Trá, An Inse, Co. na Mí Ríomhphost: tom.kelly@members.meathcoco.ie	086-3817700
	Keogan	Sharon	Neamh-Pháirtí	An Phríomhshráid, Damhliag, Co. na Mí Ríomhphost: sharon.Keogan@members.meathcoco.ie	087-6773800
	McKee	Stephen	Fianna Fáil	Deenes, Damhliag, Co. na Mí Ríomhphost: stephen.mckee@members.meathcoco.ie	086-0432760
	Meade	Paddy	Fine Gael	Eaglais Rathbran, Baile Lóibín, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: paddy.meade@members.meathcoco.ie	087-6495907
	Tolan	Sharon	Fine Gael	132 Coillte Bhaile an Bhiataigh, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí Ríomhphost: sharon.tolan@members.meathcoco.ie	086-3669852

Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe

	Burke	Sinead	Sinn Féin	Lána Graig, Dún Mó, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: sinead.burke@members.meathcoco.ie	087-3124200
	Fitzsimons	Padraig	Fianna Fáil	Knowth House, Ráth Arlain, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: padraig.fitzsimons@members.meathcoco.ie	086-8238636
	Deane	Francis	Neamh-Pháirtí	5 Céide na hAbhann Duibhe, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: francis.deane@members.meathcoco.ie	086-1234856 046-9023696
	Forde	Wayne	Neamh-Pháirtí	Árasán an Urláir Uachtair, 1 Sráid an Acadaimh, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: wayne.forde@members.meathcoco.ie	086-3845807
	Holloway	Jim	Fine Gael	Bóthar na Bóinne, Baile Fargáin, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: jim.holloway@members.meathcoco.ie	086-2355236
	Reilly	Joe	Sinn Féin	Cnoc Faughan, An Bóthar Mín, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: joe.reilly@members.meathcoco.ie	087-2478508
	Reilly	Tommy	Fianna Fáil	Ard Salach, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: tommy.reilly@members.meathcoco.ie	087-7450149

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó

	Fitzgerald	Brian	Neamh-Pháirtí	Warrenstown, Cill Choca, Co. na Mí Ríomhphost: brian.fitzgerald@members.meathcoco.ie	01-8251847 087-2508247
	Killian	Nick	Neamh-Pháirtí	Ráth Tó, Co. na Mí Ríomhphost: nick.killian@members.meathcoco.ie	087-2596753 01-8355435
	Murphy	Maria	Fine Gael	3 An Clós, Halla Lutterell, Dún Búinne, Co. na Mí Ríomhphost: maria.murphy@members.meathcoco.ie	087-6579895
	O'Connor	Gerry	Fine Gael	23 na Mulláin, Dún Seachlainn, Co. na Mí Ríomhphost: gerry.oconnor@members.meathcoco.ie	087-2838311
	O'Kane	Maria	Sinn Féin	Bóthar Skryne, Scalestown, Dún Seachlainn, Co. na Mí Ríomhphost: maria.okane@members.meathcoco.ie	086-3306311
	O'Reilly	Damien	Fianna Fáil	2 Corrán Oakridge, Dún Búinne, Co. na Mí Ríomhphost: damien.oreilly@members.meathcoco.ie	086-8722645
	Toole	Gillian	Fine Gael	Coircín, Ráth Tó, Co. na Mí Ríomhphost: gillian.toole@members.meathcoco.ie	086-0891221

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim

	Flynn	Enda	Fine Gael	43 New Inn, An Mhaighean, Co. na Mí Ríomhphost: enda.flynn@members.meathcoco.ie	086-8153595
	Fox	Joe	Fine Gael	Clondoogan, Cnoc an Línsigh, Co. na Mí Ríomhphost: joe.fox@members.meathcoco.ie	087-2631318
	French	Noel	Fine Gael	10 Bóthar Cheanannais, Baile Átha Troim Ríomhphost: noel.french@members.meathcoco.ie	086-8053293
	Golden	Trevor	Neamh-Pháirtí	Lána an Teampaill, Baile Átha Troim, Co. na Mí Ríomhphost: trevor.golden@members.meathcoco.ie	086-4008007
	Lynch	Caroline	Sinn Féin	Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí Ríomhphost: caroline.lynch@members.meathcoco.ie	086-8541199
	McKenna	Ronan	Fianna Fáil	Leac an Ais, Baile Átha Troim, Co. na Mí Ríomhphost: ronan.mckenna@members.meathcoco.ie	087-2901450

Seirbhísí Corparáideacha

Is é an cuspóir straitéiseach atá ag an Roinn Seirbhísí Corparáideacha chun saothrú laistigh de chreatlach na bprionsabal daonlathach, rud a éascaíonn do sheachadadh seirbhísí den scoth chun sochair gach duine dár bpobal.

- Éascaíodh do Chomhairleoirí i ndáil lena ról daonlathach ag an gComhairle í féin agus trí mheán struchtúr na gCeantar Bardasach.
- Tugadh faoi athbhreithniú den Phlean Corparáideach 2015-2019.
- Forbraíodh agus foilsíodh an Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse.
- Gabhadh faisnéis agus bainistíodh rialú cáilíochta, foilsiú agus leithdháileadh Chlár na dToghthóirí.
- Idirghníomhaíodh leis na meáin náisiúnta, áitiúla agus sóisialta chun faisnéis a sholáthar agus chun saothar na Comhairle agus a rannchur le saol an chontae a chur chun cinn.
- Riaradh forálacha reachtúla na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, um Chosaint Sonraí, an Ombudsman agus na dTeangacha Oifigiúla de réir mar a bhaineann feidhm leo don údarás áitiúil.
- Forfheidhmíodh forálacha na Creatlaí Eiticiúla um Sheirbhís Rialtais Áitiúil de réir mar a bhaineann feidhm léi do Chomhairleoirí agus don fhoireann.
- Cuireadh chun cinn cultúr na sábháilteachta sa láthair oibre, na sláinte, an leasa, an oideachais agus na hoiliúna trí chlár sláinte agus sábháilteachta onghníomhach atá deartha chun éilimh shonracha na foirne a shásamh.

2017 - Imeachtaí Móra na Bliana sa Mhí

Oifigí Cathrach Nua

Rinne Cathaoirleach na Comhairle, An Comhairleoir Gerry O' Connor, ceanncheathrú nua Chomhairle Contae na Mí, Buvinda House, a oscailt go hoifigiúil ar an 19 Nollaig. I measc iadsan a bhí i láthair, bhí comhaltaí na Oireachtais de chuid na Mí, Méara na hUaimhe agus na Comhairleoirí ar toghadh iad.



Oscailt Oifigiúil Theach Buvinda, Nollaig 2017

Tar éis beannacht éacúiméineach a bheith déanta, chuir Jackie Maguire, an Príomhfheidhmeannach, fáilte roimh na haíonna agus na baill foirne chun páirt a ghlacadh sa mhaidin chaife chun airgead a bhailiú le haghaidh achainí Nollag an Chumainn áitiúil de chuid San Uinseann de Pól.

Rinne an oscailt oifigiúil athlonnú na Comhairle a ceiliúradh tar éis dó a bheith lonnaithe ina sa seanfhoirgneamh ar feadh breis is 100 bliain ar Shráid an Bhóthair Iarainn, an Uaimh.

Ba ar bhonn céimnithe a d'aistrigh an 420 ball foirne go dtí Teach Buvinda le linn 2017. Cuirtear eispéireas feabhsaithe don chustaiméir le dearadh an fhoirgneamh leis an bhforhalla mór ann ina bhfuil na cuntair phoiblí go léir ar fáil in aon suíomh amháin, agus ina bhfuil seomra cruinnithe den chineál is nua-aimseartha. Chomh maith leis sin, tá an soláthar seirbhíse ról feidhmiúcháin Chomhairle Contae na Mí tar éis a bheith feabhsaithe de dheasca an tslí ina bhfuil sé níos éasca do na Rannóga éagsúla dul i dteagmháil le ceann a chéile.



An Príomhfheidhmeannach, Jackie Maguire, agus an Cathaoirleach, An Clr. Gerry O'Connor



An tOirmhinneach John Clarke, an Ró-Oirmhinneach Declan Hurley & an tOirmhinneach Michael Cahill



An Príomhfheidhmeannach, Jackie Maguire, Méara na hUaimhe, an Clr. Tommy Reilly & an Cathaoirleach an Clr. G. O'Connor ag gearradh an ribín.

Comóradh Céad Bliain Ledwidge

Rinneadh comóradh céad bliain bhás an fhile Francis Ledwidge a cheiliúradh le linn 2017 le clár ócáidí a d'eagraigh Seirbhísí Cultúrtha Chomhairle Contae na Mí in éineacht le Coiste Iarsmalann Ledwidge. Seoladh an clár sa Solstice Arts Centre (Ionad Ealaíon an Ghrianstaid), an Uaimh, Co. na Mí, ar an 23 Márta. Ag seo, cuid de na himeachtaí a bhí sa chlár:

- D'eagraigh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae na Mí scéim deontais comórtha chun a comórtha a cheiliúradh agus thug sí tacaíocht le hatheseiúint de *Selected Poems of Francis Ledwidge*, [cnuasach filíochta de chuid Ledwidge] a rinne Dermot Bolger eagarthóireacht air, agus lena gcuimsítear aiste réamhléiritheach leis an bhfile Seamus Heaney. Seoladh an cnuasach seo sa Solstice Arts Centre (Ionad Ealaíon an Ghrianstaid), an Uaimh, Co. na Mí, ar an 23 Márta mar chuid d'fhorógra an Chláir Comórtha Chéad Bhlíain. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an tseirbhís leabharlainne le hÉigse Éireann chun cnuasach nua tiomnaithe do Francis Ledwidge a choimisiúnú, a foilsíodh chun comóradh chéad bliain bhás Ledwidge in Ypres ar an 31 Iúil 1917.
- D'fhógair Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí go mbunófar deontas Sparánachta Francis Ledwidge do Scríbhneoirí Atá ag Teacht chun Cinn, a bheadh oscailte do scríbhneoirí nua atá ag teacht chun cinn ó gach cearn den tír.
- Rinneadh scrúdú ar shaol agus ar fhilíocht an fhile as Baile Shláine ag seimineár i gCaisleán Bhaile Shláine ar an 14ú Deireadh Fómhair - faoin ainm *Francis Ledwidge: Poetry and the First World War 1917-2017*. Seolfar an leabhar *A Bittern Cry*, tiomantas do Francis Ledwidge, ina cháilíocht mar fhear agus mar fhile, a rinne Tom French eagarthóireacht air, agus a scríobh an tOllamh Gerald Dawe réamhrá leis.
- D'eagraigh an tIonad Ealaíon Solstice sraith imeachtaí chun comóradh céad bliain a cheiliúradh agus taispeántais, drámaíocht, agus sraith de cheardlanna do leanaí mar chuid de.

Dé Sathairn 24 Bealtaine 2017 bhí searmanas stáit oifigiúil ag Músaem Francis Ledwidge i mBaile Shláine. Bhí daoine de chuid mhuintir Ledwidge ann agus léadh amach sleachta as litreacha agus dánta de chuid Ledwidge, casadh ceol agus bhí searmanas fleascleagain ann chomh maith. Leag Helen McEntee TD, an tAire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha, Gerry O'Connor, Cathaoirleach Chomhairle Contae na Mí, Phillipe Roland, Ambasadóir na Beilge, agus an Coirnéil Max Walker, a bhí ann in ionaid Ambasadóir na Breataine, Robin Barnett. Ba é buaicphointe an tsearmanais ná nochtadh cuimhneacháin do Ledwidge déanta as cloch ó Ypres, macasamhail dhíreach den cheann a sheasann ar an láthair ina bhfuair sé bás sa Bheilg.



Comhdháil Ógfheirmeoirí Macra na Feirme (An Slógadh)

Tháinig Macra na Feirme agus Comhairle Contae na Mí le chéile chun Comhdháil Ógfheirmeoirí Macra na Feirme (An Slógadh), a tharlaíonn gach bliain, a thionóil den chéad uair riamh i gContae na Mí. Tháinig breis is 3,000 ógfheirmeoirí ar cuairt ar an Mí chun tairbhe a bhaint as taitneamhachtaí Ghleann na Bóinne i rith Dheireadh Seachtaine Saoire Banc Dheireadh Fómhair.



Ina cháilíocht mar an urraitheoir príomhúil ar an ócáid, ba mhór do Chomhairle Contae na Mí dul i gcomhar le Macra na Mí chun an imeacht is mó de chuid Macra sa bhliain féilire a chur ar siúl. I rith fheachtas na

Comhairle 'Make it Meath', bhain an chomhairle tairbhe as an ócáid chun sárthaispeántas a dhéanamh inar taispeánadh gach rud atá ar fáil in earnáil na talmhaíochta sa chontae agus chun fiontair dírithe ar an talmhaíocht an Mhí a roghnú mar a lonnaíocht.

Gradaim Chathrach

Eagraíodh fáiltithe cathartha sa bhliain 2017 chun aitheantas a thabhairt do ghnólachtaí suntasacha daoine i gContae na Mí mar seo a leanas:

An Uaimh

Cuimhneachán Forógra Christopher Brady - Fáiltiú Cathartha (grianghraf thíos)



Searmanas Bronnta Spóirt CB na hUaimhe (grianghraf thíos)



Fáiltiú Sparánachta/Cleamhnais Ezio Lupo (grianghraf thíos)



Seoladh Nollag Oifigiúil (grianghraf thíos)



Cill Dhéagláin

Fáiltiú Cathartha Thomáis Ághais (grianghraf thíos)



Fáiltiú Cathartha Cairdis/Cleamhnais Concubion



Fáiltiú Cathartha Chumann Miseanach Naomh Columbanus
Fáiltiú Scoil Preston

Ceanannas

Fáiltiú Cathartha - Binse Cuimhneacháin Tommy Grimes (grianghraf thíos)



Ócáid Ainmnithe Dhroichead Uí Uigín & Fáiltiú Cathartha

Ráth Tó

Oíche Ghradaim Buíochais – Fáiltiú Cathartha (grianghraf thíos)



Baile Átha Troim

Oíche Ghradaim Buíochais – Fáiltiú Cathartha
Fáiltiú Cathartha SN Chill Bhríde
Fáiltiú Cathartha Ceilteach Bhaile Átha Troim

An Inse / Baile an Bhiataigh

Fáiltiú Cathartha - Oíche Ghradaim Ratha Naomh Colm – Fáiltiú Cathartha (grianghraf thíos)



An Chumarsáid agus na Meáin

Feidhmíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha ról príomha chun a chinntiú go mbíonn faisnéis chruinn, thráthúil agus ábhartha ar fáil don phobal, comhaltaí tofa agus foireann na comhairle. Baintear leas as réimse bealaí cumarsáide chun a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis inrochtana agus ar fáil go forleathan.

Soláthraítear deiseanna don Chomhairle leis na meáin sóisialta chun faisnéis a chur i gcumarsáid i bhformáid níos neamhthraidisiúnta. Lean an Chomhairle ar aghaidh sa bhliain 2017 le forbairt a cumarsáide meán

sóisialta chun ligean do chumarsáid na faisnéise, na bhfoláireamh ón gComhairle, preaseisiúintí, imeachtaí ag teacht aníos nó fógraí poiblí don lucht éisteachta/féachana ab fhorleithne agus ab fhéidir. B'ionann líon na leantóirí sna meáin sóisialta ag Comhairle Contae na Mí faoi dheireadh na bliana 2017: Facebook: 6,133; LinkedIn: 1,663 Twitter: 6,861. Is ionann an méid sin agus méadú faoi 4,049 leantóir sna meáin sóisialta ón mbliain 2016.

Reáchtáladh Twitter - #OurCouncilDay an 10 Aibreán 2017: Ba í an aidhm leis chun rannpháirtíocht leis an bpobal a mhéadú, chun feacht a spreagadh i leith na seirbhísí a sholáthraímid, agus chun gné dhaonna na seirbhísí úd a léiriú ar bhealach éadrom agus faisnéiseach. D'éirigh thar cionn leis – fuair ár dtuíteanna 25,200 amharc an lá úd. (is ionann na hamhairc agus líon na n-uaireanta a chonaic na húsáideoirí na tuíteanna ar Twitter).

Seirbhís do Chustaiméirí

Is trína Plean um Sheirbhísí do Chustaiméirí atá Comhairle Contae na Mí tiomanta chun an cúram is fearr agus is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí. Thar aon ní eile, bíonn daoine ag dúil le cúirtéis, íogaireacht agus freagra uathúil dá n-éilimh agus leis an moill is lú nuair a dhéantar teagmháil lena gComhairle Contae - agus na nithe sin tuillte acu. Creidimidne gur gné riachtanach den tseirbhís den scoth do chustaiméirí í an rogha. Is sa chomhthéacs sin a éascóidh Comhairle Contae na Mí, a oiread agus is féidir, do na bealaí is fearr le daoine chun seirbhísí a fháil. B'fhéidir nach mbeimid in ann gach duine a shásamh, ach caithimid le daoine go hurrámach agus go gairmiúil, agus muid sásta go ndearnamar ár ndícheall.

Is í an Fhoireann um Sheirbhísí do Chustaiméirí a sholáthraíonn cúnamh agus eolas i leith fiosruithe ag an gcéad phointe teagmhála ag custaiméirí, agus cúrsaí níos mionsonraithe á bplé leis na ranna seirbhíse. Tá an múnla bunaithe ar an dea-chumarsáid, dea-nósanna imeachta um sheirbhís do chustaiméirí agus córas TF seirbhíse do chustaiméirí nua.

Saoráil Faisnéise

Coinníonn Comhairle Contae na Mí uirthi ag áirithiú go mbíonn rochtain ag duine ar bith le leas iomchuí chun faisnéis a fháil ar an bhfaisnéis sin trí mheán an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014.

Is iad na taifid a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na taifid úd nach mbíonn ar fáil cheana féin faoin reachtaíocht mhalartach, agus bíonn feidhm leo i leith gach taifead údaráis áitiúil a cruthaíodh tar éis 21 Deireadh Fómhair 1998.

Ní foláir do chomhlachtaí Saorála Faisnéise (SF) de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 ar nós Chomhairle Contae na Mí chun taifead nochta a fhoilsiú, ina bhfaightear mionsonraí na gcineálacha iarratas a fuarthas faoin SF agus na gcinntí ar ghlac an comhlacht leo mar fhreagra ar na hiarratais úd. Is ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.meath.ie a liostaítear na nochta.

Is iad seo a leanas na staitisticí ón mbliain 2017 a bhaineann le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise:

Líon Iarrtas a Fuarthas	176
Tugtha anonn ón mbliain 2016	16
Iomlán	192
Líon na n-iarratas a glacadh leo	90
Líon na n-iarratas a glacadh go páirteach leo	38
Líon na n-iarratas diúltaithe	46
Iarratais aistrithe	00
Iarratais aistarraingthe	08
Iarratais ar pléadh leo lasmuigh den SF	05
Cásanna beo ag deireadh na bliana 2017	05
Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha	05
Líon na nAchomharc chun an Choimisinéara Faisnéise	01

Clár na dToghthóirí

Clár na dToghthóirí, 2017/2018

Foilsíodh Clár na dToghthóirí i mí Feabhra na bliana 2017, agus léiríodh daonra vótála mar seo a leanas ann:

Tugtar miondealú sa mhéid seo a leanas ar na Toghthóirí Áitiúla de réir Toghcheantair Áitiúil:

Toghthóirí Dála	136,091
Toghthóirí Uachtaránacha	134,683
Toghthóirí Eorpacha	137,821
Toghthóirí Áitiúla	139,885
Vótálaithe Poist	726

Tugtar miondealú sa mhéid seo a leanas ar na Toghthóirí Áitiúla de réir Toghcheantair Áitiúil:

Cill Dhéagláin:	20,069
Ceanannas:	25,384
An Inse-Baile an Bhiaitaigh:	23,301
An Uaimh:	21,929
Ráth Tó:	24,627
Baile Átha Troim:	24,575

Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistiú Riosca

Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2017 ag forfheidhmiú, ag athbhreithniú agus ag leasú an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) de réir mar ba ghá. Táthar tar éis an SMS Corparáideach iomlán a rolladh amach ar gach fostaí, agus táthar ag dul ar aghaidh lena fhorfheidhmiú ar fud gach ceann de na Ranna.

Tugadh cúnamh, ar bhunús leanúnach, do Ranna i leith leasú, agus i leith fhorbairt i roinnt cásanna na measúnachtaí riosca.

Ba í an Roinn Sábháilteachta a thionscain forfheidhmiú an Chláir um Bainistiú Gníomhaíochta (Sugar CRM) ar fud an Eagrais.

Rinneadh imscrúduithe sábháilteachta i rith na bliana 2017, agus bíonn gach Roinn rannpháirteach sa chlár.

Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre

Bhí an Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre fós mar uirlis don Lucht Bainistíochta agus do na Ceardchumainn chun saothrú le chéile maidir le saincheisteanna eagrúcháin agus le bainistiú na n-athruithe. In 2017, tháinig an Grúpa chun Plé le hAthruithe Móra le chéile uair amháin, agus bhuaill an Coiste áitiúil um Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre le chéile cúig huair. Ba í an aidhm fhoriomlán chun torthaí dearfacha a chruthú do gach duine lena mbaineann: don lucht bainistíochta, do na ceardchumainn, do na fostaithe agus don phobal.

Córais Faisnéise

Choinnigh an roinn Córas Faisnéise uirthi i rith na bliana 2017 ag seachadadh tionscadal um fheabhsú an ghnó ar fud an eagrais go léir, agus a haird ar chobhsaíocht oibriúcháin agus ar shlándáil faisnéise á cothabháil aici.

- **Oibríochtaí TF**– D'éirigh linn an fhoireann agus na seirbhísí go léir a aistriú go dtí an Cheanncheathrú nua, sprioc mhór don bhliain. Pleanáil de agus géarthástáil ar naisc líonra, WiFi, saoráidí Closamhairc le haghaidh seomraí cruinnithe, etc. agus dearbhaíodh leis an obair sin gur tharla an t-aistriú gan stró agus gan fadhb go dtí lonnaíocht nua a spreagann an obair bhuíne agus an fhiontraíocht. I measc na dtionscnamh príomhúil a tharla i mbliana, rinneadh an timpeallacht iomlán friothálaí agus stórais, lena n-áirítear cúltacaí agus athshlánaithe éigeandála, a athnuachan. I measc na dtionscnamh slándála éagsúla a rinneadh, cuireadh oiliúint feasachta ar fáil den fhoireann go léir.
- **Gnó Réiteach** – Rinneadh an suíomh gréasáin www.meath.ie a athdhearadh ó bhonn, agus tá sé sin beagnach críochnaithe. Mar chuid de seo, beidh saoráidí nua curtha ar fáil chomh maith le comhéadan úsáideora feabhsaithe, agus déanfar leis forbraíochtaí nua a chur ar fáil de réir mar a dhírímid ar chainéal digiteach do chustaiméirí. Tá uasghrádú ollmhór don chóras SugarCRM forbartha agus tá traenáil i mbun faoi láthair. Beidh app d'fhóin phóca ar fáil mar chuid de seo chun réiteach glaonna tapúla ar an suíomh. Tá saoráid do chomhairliúchán ar líne forfheidhmithe le bheith ullmhuithe le húsáid sa chéad chéim eile den Phlean Forbartha Contae.

- **Bainistíocht Eolais** – Rinneadh treoirthionscadail chun cur leis an gcumas atá againn maidir leis an anailís, chun cinnteoireacht tráthúil ar fud na Comhairle a éascú. Tá tús curtha le hullmhúchán a dhéanamh ar an timpeallacht TF maidir leis na hathruithe a bheidh ag teacht isteach de dheasca An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Ina theannta sin, cuireadh réiteach mapála nua i bhfeidhm chun cur leis an leagan nua den suíomh gréasáin www.meath.ie.

Acmhainní Daonna

Ba mar chuid den phleanáil leanúnach d’fhórsa saothair sa bhliain 2017 a rinne an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú leanúnach ar leibhéal agus riachtanais foirne. Tar éis roinnt mhaith blianta d’athruithe san earnáil rialtais áitiúil tá an Rannóg Acmhainní Daonna tar éis obair leis an mbainisteoireacht shinsearach agus leis na réimsí seirbhísí éagsúla san eagraíocht chun aithint na riachtanais atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn ionas a bheith réidh le planáil agus freagairt do na riachtanais i dtéarmaí soláthair foirne de.

Tugadh faoi mhachnamh le forfheidhmiú phróiseas na planála leanúnaí d’fhórsa saothair i rith 2017 i leith na nithe seo a leanas:

- Méadú leanúnach i ngníomhaireacht, ar bhonn áitiúil agus ar fud earnáil na rialtas áitiúil, maidir le hearcaíocht agus roghnúchán.
- Lean leis an méadú ar na deiseanna atá ar fud na hearnála poiblí go hiondúil agus iarmhartach ar shoghluaisteacht fostaíochta agus oilteachta;
- Pleanáil chun liúntais a líonadh agus béim nua ar dhaoine a bhfuil an t-eolas agus na scileanna oiriúnacha acu a mhealladh agus iad a n-earcú.
- Saothrú leanúnach chun bheith mar thogha fostóra, rud a chuirfeadh go mór leis an iarracht an fhoireann a choimeád
- Béim athnuaite ar na deiseanna foghlamtha agus forbartha don fhoireann agus béim ar leith ann ar ionduchtúchán struchtúrtha do bhaill foirne nua chomh maith le timpeallacht oibre cothrom agus sláintiúil a chothú.
- Leanadh ar aghaidh le próisis um bainistíocht athruithe lena n-áirítear an t-aistriú foirne chuig na hoifigí nua cathracha.
- Feidhmiú i gcomhar a chéile le bainisteoirí líne agus maoirseoirí maidir le conas bainistíocht a dhéanamh go héifeachtúil.


In 2017, d’éascaigh an tAonad Earcaíochta & Roghnaíochta 40 comórtas earcaíochta, méadú, arís i mbliana, ar na blianta a tháinig roimpi.

Forfheidhmíodh an leagan nua de Core (Leagan 19) go huile.

Lean an tAonad Oiliúna ar aghaidh ag déanamh athbhreithniúchán ar riachtanais foghlamtha agus forbartha ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear an oiliúint shainordaitheach chomh maith le tionscainh nua maidir le leas agus sláinte na foirne.

Chuir an tAonad Aoisliúntais aistriú na feidhme aoisliúntais chuig MyPay chun críche.

D'fheidhmigh an Rannóg Acmhainní Daonna go dlúth i gcomhar leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn, go háirithe maidir leis an aistriú chuig na hoifigí cathartha nua chun cuidiú le ceachtar ghrúpa nó le heaglaí atá ag daoine aonair.



An tAirgeadas

Le linn 2017, dhírigh an Rannóg Airgeadais a aird ar rialaithe caiteachais éifeachtacha agus ar bheartaithe bailithe fiach feabhsaithe, agus iad ar an gcuspóir bunúsach taobh thiar de na spriocanna sin ná chun deimhniú go bhfeidhmíonn an Chomhairle gan a buiséad a leithroinneadh di a shárú.

Leanadh na hiarrachtaí chun luach ar airgead agus soláthar seirbhísí éifeachtúil a chur ar fáil agus chun ioncam reatha a uasmhéadú leo a bheith ina bpíomhchúraim don Rannóg Airgeadais.

Soláthar

Leanann an Rannóg Soláthair leis ag tacaíocht na rannóga eile tríd athbhreithniúchán agus tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le polasaí agus le nósanna imeachta, teorannacha faomhadh, le cur bhfeidhm creatlacha náisiúnta, le riar ar chártaí ceannacháin íoslúacha agus le tionscnaíochtaí tairisceana.

Ó cuireadh an córas airgeadais nua MS4 i bhfeidhm, tá an soláthar tar éis a bheith tagtha mar chuid dhílis den timthriall ó cheannachán go híocaíocht lena bhfuil an bhainistíocht curtha ar a cumas chun díriú ar fheabhsaithe don phróiseas tairisceana agus soláthair ar fud na heagraíochta.

Rátaí Tráchtála

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh obair go dlúth i gcomhar le hÍocóirí rátaí chun íocaíochtaí a éascú agus chun rátaí bailiúcháin a uasmhéadú. Cuideoidh an Scéim Tacaíochtaí Gnó timpeall ar 2,100 gnólachtaí. Tá an oiread bailiúchán atá ann in 2017 ar an gcúrsa ceart leis an méid a bhailiú in 2016 a shárú.

Cíosanna

Eisítear ráitis ráithiúla do gach uile thionónta. Cuireann sé na tionóntaí ar a gcumas monatóireacht ar a n-íocaíochtaí agus iad a dhaingniú. Chomh maith leis sin, táthar tar éis prótacail géaraithe a neartú an idirghabháil i gcásanna deacra a éascú. Déantar cuairteanna baile i gcúinsí áirithe. Féadfar go mbeidh méadú ag teacht ar an méid bailithe ar an méid bailithe in 2016. Ag an bpointe seo déantar measúnú ar cíosanna trí iHouse (Córas Tithíochta) a chuideoidh le measúnaithe níos éifeachtúla agus saoráid tuairiscithe feabhsaithe.

Iasachtaí

Tá an Próiseas um Réiteach Riaráiste Morgáiste curtha i bhfeidhm agus tá dul chun cinn déanta ar chonarthaí bailí. Ba cheart suntas a dhéanamh de gur próiseas am-íditheach atá i gceist sa Phróiseas seo. Tá an líon iasachtaí atá faofa ar aon dul leis an líon dóibh in 2016. Den chéad dul síos, measann an Ghníomhaireacht Tithíochta a luach sula ndéanann an Coiste Creidmheasa an breith air.

ÁCPN (Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha)

Tasc nach beag é is ea an seirbhís lena dtugtar deimhnithe comhlíonta agus díolúine toisc go bhfuil siad á n-iarraidh le haghaidh gach uile díolachán réadmhaoine cónaithe, is cuma más rud é go raibh an réadmhaoin i gceist faoi dhliteanas nó nach raibh. Táthar de shíor ag socrú pleananna um íocaíocht agus ag déanamh

monatóireacht orthu. Chomh maith leis sin, ba cheart suntas a dhéanamh de go bhfuil laghdú ag teacht ar an líon réadmhaoine atá faoi dhliteanas agus laghdófar an ioncam ón ÁCPN de réir a chéile.

An Phleanáil agus Bainistiú Forbartha

Pleanáil chun Cinn

Ghlac an Chomhairle iomlán le hAthrú 1 de Phlean Forbartha Cheannanais agus le hAthrú 2 de Phlean Forbartha na hUaimhe ag Cruinniú Speisialta ar an 23 Bealtaine 2017. Déanann an dá leagan éagsúla sin a aontaítear Pleananna Forbartha le heochair-phrionsabail na Straitéise Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí, 2014-2022.

Cuireadh Athrú 4 de Phlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 ar taispeántas poiblí i nDeireadh Fómhair, 2017 ar feadh tréimhse cheithre seachtaine. Leis an Athrú seo, déantar foráil do chuimsiúchán na gcuspóirí maidir leis an athbheochan agus athnuachan talaimh, agus don bhainistíocht talún ghníomhach ar láithreáin folmha laistigh den Straitéis Lonnaíochta/Croí den Phlean Forbartha Contae.

Lean an t-athbhreithniú atáthar á dhéanamh ar Phlean Forbartha Contae na Mí ar aghaidh in 2017 agus thug na Comhairleoirí treoir ar ullmhúchán an Dhréachtphlean, tar éis don príomhfheidhmeannach a Thuarascáil a thabhairt maidir leis na haighneachtaí a rinneadh ar an bPáipéar um Shaincheisteanna Straitéiseacha Taispeánfar an Dréachtphlean go poiblí i Ráithe 1 2018.

Ranníocaíochtaí Forbartha

Lean na fáltais ó ranníocaíochtaí forbartha ar aghaidh ag dul i méid, agus tá táirgeacht réamh-mheasta de €6.5 milliún dóibh don bhliain 2017. Is féidir gur cúis leis an méadú i bhfáltais iad an méadú i ngníomhaíocht forbartha agus an rannpháirtíocht ghníomhach idir féichiúnaigh agus an Foireann Comhlíonta Airgeadais araon.

Gníomhaíochtaí Comhlíonta

Tá an méadú tar éis teacht ar líon na ngearán maidir le comhlíonadh pleanála, agus eisíodh 233 litir foláirimh in éineacht le 150 Fógra Forfheidhmiúcháin agus 16 cás a tarchuireadh iad mar chaingin dlí ar réimse saincheisteanna neamh-chomhlíonta agus forbartha neamhúdraithe. Áirítear leis na figiúirí úd an beart a glacadh don neamh-chomhlíonadh le forálacha airgeadais na gceadanna pleanála ar marthain. Coinníonn an Chomhairle uirthi ag déanamh a feidhme maidir le tógáil gcúram na n-eastát. Tá an Roinn Pleanála in idirchaidreamh faoi láthair le Roinn Seirbhísí Uisce na Comhairle agus le hUisce Éireann i ndáil le cur ar aghaidh thógáil i gcúram 79 forbairt chónaitheacha.

Bainistiú Forbartha

Is seasmhach go fóill é líon na n-iarratas a fuarthas go nuige seo, ag léiriú méadú cinnte le hais na mblianta roimhe sin. Is lán iad na clinicí Réamh-Phleanála anois, agus coinníonn an Rannóg Pleanála air ag tabhairt feabhsú faoi deara i raon feidhme agus castacht na dtograí forbartha faoina bhráid.

D'ullmhaigh Comhairle Contae na Mí tuairisc faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach i ndáil le hiarratas ó Irish Cement.

D'fhreastail an Rannóg Pleanála ar Éisteacht ó Bhéal a cuireadh ar siúl i ndáil le iarratas a rinne Tara Mines.

Chomh maith leis sin chuidigh an Rannóg Pleanála ina chéad cruinniú (réamh-pleanála) d'Alt 247 maidir le Forbairt Tithíochta Straitéiseach, ar tugadh isteach é in Iúil 2017 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016.

Rialú Foirgníochta

Is é an tOifigeach Rialaithe Foirgníochta a chomhlíonann feidhm Rialaithe Foirgníochta na Comhairle, a bhíonn i gceannas freisin ar an bhFoireann Forfheidhmithe Pleanála. Feidhmíonn an fheidhm Rialaithe Foirgníochta ról criticiúil freisin ar Fhoireann Comhlíonta Airgeadais na Comhairle.

An Fhorbairt Eacnamaíoch agus an Fiontar

Táthar tar éis an tríú bliain d'fhorfheidhmiú ár Straitéise Forbartha Geilleagraí 2014-2022 a bhaint amach, agus tá torthaí fíordhearfacha agus scéalta rathúla tar éis bheith trasna an chontae. Ceaptar an Mhí anois gan aon amhras mar phríomhláthair ghnó ar an ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Poist

I measc na fógartha poist agus infheistíochta a rinneadh le linn na bliana, áirítear:

- Dheimhnigh Facebook go gcuirfidh siad tús le Céim 2 dá dtionscadal ionad sonraí ag Cluain Aodha agus go dtógfar 28,000 sa bhreis ann, méadú a fágfaidh go mbeidh 86,000 méadar cearnach san fhorbairt ina iomláine. Cruthaíodh breis is 1,500 post tógála le Céim 1 den fhorbraíocht.
- Tá Shire Pharmaceuticals tar éis cead pleanála a fháil chun a fhoirgneamh a athdhear agus cuireadh tús leis an tógáil i gceist sa tionscadal sin. Meastar go gcruthófar 400 post le linn don chéim tógála.
- Tá breis is 100 post curtha le MTM Engineering, atá lonnaithe ag Gráinseach na Gaoithe, in 2017.
- Chuir eComm Merchant Solutions and Pre-paid Financial Services breis is 60 fostaithe nua lena foireann san oifig acu san Uaimh i mbliana.
- Le déanaí, d'fhógair Gyproc (lonnaithe i dtuaisceart na Mí – in aice le Dún an Rí) go mbeidh siad ag aistriú go córas 4 seal agus dá réir sin cuirfear 14 post leis an líon foirne, a fágfaidh go mbeidh breis is 150 duine ina fhórsa oibre.
- Tá Drioglann Bhaile Átha Sleáine tar éis oscailte agus tá 25 post lánaimseartha cruthaithe dá bharr.

Cuireadh leis na fógartha dearfacha seo le méadaithe a tháinig sa líon post i cuideachtaí atá níos lú sa Chontae. Mar shampla, chuir Gripfix (Dún Seachlainn) 8 fostaí nua lena fhoireann i mbliana agus anois tá an cuideachta sláinte ainmhithe Fenu Health (Cnoc an Línsigh) ag fostú 8 ball foirne agus ag easpórtáil chuig 12 tír.

Tacaíochtaí don Ghnó

- Tá Seachtain Fiontair na Mí chun tosaigh go háitiúil agus go náisiúnta le réimse tionscnamh chun spreagadh, oiliúint, meantóireacht agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nua agus reatha sa Mhí.
- Rinneadh straitéis chuimsitheach, Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne, a choimisiúnú agus a fhorbairt in éineacht le Comhairle Contae Lú.
- Earcaíodh Oifigeach Forbartha Bia tiomnaithe chun forfheidhmiú na straitéise a thiomáint.
- Is í Oifig Fiontair Áitiúil (OFA) na Mí an ‘siopa céadfheastail’ do gach tacaíocht Rialtais dóibh siúd sa Mhí a dteastaíonn uathu a ngnó a thosú nó a fhormhéadú agus poist a chruthú sa chontae, agus sholáthair sí cistiú timpeall €500,000 chun tacú le gnólachtaí sa bhliain 2017.
- Bhronn OFA na Mí gradaim do na Fiontraihte Óga agus na Fiontair Dhaltaí is Fearr in Éirinn, agus soláthraíodh réimse clár oiliúna, meantóireachta agus seimineár faisnéise gnó do FBMí i gcaitheamh na bliana 2017.
- Tá LEO tar éis aontachtaí comhoibrithe foirmeálta in éineacht le LEADER, Solas, Údarás na Gaeltachta, INTREO agus Skillnets.

Margaíocht

- Táthar tar éis tús a chur leis an bhfeachtas ‘Make it Meath’ le láithreán gréasáin nua (www.makeitmeath.ie). Tá an láithreán gréasáin deartha chun cuideachtaí Éireannacha agus Idirnáisiúnta mhealladh chun bheith lonnaithe sa Mhí. Is gníomhach iad cuntais Make it Meath sna meáin sóisialta, agus meallann siad lucht léitheoireachta áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

An Turasóireacht

- Tá dul chun cinn maith déanta ar fhorfheidhmiú Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020. Mar chuid den straitéis moladh go gcuirfear bradaíl Oirthir Ársa na hÉireann isteach ar ábhair clóite agus dhigiteacha de Gleann na Bóinne, agus cuireadh i bhfeidhm an moladh sin in 2017 in éineacht leis an cur chun cinn de Ghleann na Bóinne mar chroílár Oirthir Ársa Éireann.
- Rinne Turasóireacht Ghleann na Bóinne feachtas margaíochta digití le linne 2017 dírithe ar na margáí príomha den RA, de na SA, den Fhrainc agus den Ghearmáin chun cuairteoirí a mhealladh trí tairbhe a bhaint as fógraíocht Google. Cruthaíodh codanna nua ar discoverboynevalley.ie leithéidí blagáil nua agus cuid nua le scéalta faoi Oirthear Ársa Éireann; ina theannta sin, seoladh amach ríomhírisí chuig daoine go bhféadfar iad a bheith ina gcuairteoirí ann ar fud na bliana.



- Ba bhuaicphointe de 2017 é an cuairt ó lucht na meán cumarsáide a d’eagraigh Turasóireacht Ghleann na Bóinne inar tugadh cuireadh chuig Rough Guide, Lonely Planet, The Guardian agus Scotland on Sunday chomh maith leis an iris Cara Magazine teacht go dtí Gleann na Bóinne thar thréimhse trí lá. D’fhoilsigh siad ailt agus físeáin faoi Ghleann na Bóinne, periscope beo ón Lonely Planet agus ailt in Cara Magazine, sa Rough Guide agus in Scotland on Sunday ina measc.
- Cuireadh deiseanna chun líonraithe ar fáil do lucht na turasóireachta le dhá chuairt chun aithne a chur ar a chéile a eagraíodh lenar tugadh iad ar cuairt chun tharraingtí ar fud Ghleann na Bóinne a fheiceáil.
- Cuireadh oiliúint ar fhorbairt taithí an turasóra ar fáil don earnáil turasóireachta i nGleann na Bóinne, lenar cuireadh roinnt pacáistí turasóireachta nua agus eispéiris nua ar fáil, agus eachtraí bainteach leis an bia agus le gníomhartha ina measc siúd.
- D’fhreastail Turasóireacht Ghleann na Bóinne ar 16 taispeántas margaíochta, a rinne an earnáil turasóireachta tacú leo in 2017.
- Bhí trácht ar an naoú uair don Fhéile Samhna Taibhsí na Mí ar an raidió, teilifís agus nuachtáin náisiúnta.
- D’oibrigh Turasóireacht Ghleann na Bóinne in éineacht le Sraith Bia Ghleann na Bóinne chun a fhorbairt a thacú.
- Socraíodh maoiniú ó Fáilte Éireann chun taispeántas buan a chur ar fáil ag Ionad Oidhreachta Cheannais chun pointe treorach a chruthú le haghaidh turasóirí sa cheantar seo ina mbeidh Teach Cúirte Cheannais ag athoscailt in 2018.

An Oidhreacht

Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020

Tionscadail 2017

Tugadh na tionscadail seo a leanas chun críche sa bhliain 2017 mar chuid den Phlean Oidhreachta Contae le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta:

Ba sa bhliain 2017 a seachadadh an dara bliain de chlár oibre Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020 agus Phlean Gníomhaíochta ar son na Bithéagsúlachta i gContae na Mí 2015-2020, lenar áiríodh eochairthionscadail agus eochairthionscnaimh:

Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann - Socraíodh agus seachadadh treoirthionscadal do Ceanannas - Kick Start Initiative - lena n-áirítear oibreacha caomhnuithe sráid-dreacha ar 25 fhoirgneamh lonnaithe sa cheantar stairiúil, traenáil le haghaidh úinéirí foirgneamh stairiúil, traenáil do mhiondíoltóirí, ceardlann deireadh seachtaine ar conas ár gcuid bhfadhbanna a réiteach eadrainn féin agus meantóireacht ón oifigeach tionscadail de Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann.

Pleananna Gníomhaíochta Pobail um Bithéagsúlacht – Fuarthas comhairle éiceolaíochta chun cur le forfheidhmiú seacht bPlean Gníomhaíochta Pobail um Bithéagsúlacht - Ceanannas, Maigh Dearmhaí, Ráth Tó, Steach Maoilín, Baile Iúiliáin, Ráth Chairn agus Baile Shláine; agus cuireadh ar aghaidh bunú grúpaí forfheidhmithe áitiúla.



Cumann Allamuigh Stair an Dúlra i nGleann na Bóinne – réachtáladh ceithre imeacht in 2017, inar taiscéaladh Éin in Inbhear na Bóinne, lá gníomhaíochta dúlra do leanaí ar Chnoc na Teamhrach, an éiceolaíocht i bhforaois an Mhullaigh Mhín agus féachaint timpeall ar an éiceolaíocht atá ar fáil ar chosán tarraingthe ar fad na Bóinne.

Tionscadal Oidhreachta agus Seandálaíochta Pobail Fhearann na mBráithre Dubha – saothraíodh i gcomhar le chun clár oibre bliantúil a sheachadadh. I measc na buaicphointí bhí 30 eachtraí pobail, a lán eachtraí iarrtochailte, caomhnú aimsithe de ghloine daite a fuair Ollscoil Cardiff iad (timpeall 2,500 mír), bhí an tionscadal sa Chomórtas Chraobh na hÉireann Mórtais Ceantair, Tochailt Phobail a bhí ar siúl ar an láithreán i mí Lúnasa, d'fhorbair an grúpa GIY gairdín agus d'institiúidí daraleibhéal agus tríúleibhéal.

- Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2017 – chuir Comhairle Contae na Mí tacaíocht d'os cionn 30 tionscadal oidhreachta pobail.
- An tSeachtain Oidhreachta 2017 – bileog chontae deartha agus 5,000 acu leithdháilte. Eagraíodh breis is 80 imeacht ar fud an chontae (Lúnasa 2017).
- Rinneadh téacs a choimisiúnú le haghaidh na bunscoile - Wild Teaching (Paul O'Donnell)
- Tionscadail Printworks Cheannanais - Céim I
- Clár Comórtha Céad Bliain Ledwidge seachadta, lena n-áirítear seimineár ollmhór ag Caisleán Bhaile Shláine.
- Culture Team - Mar comhalta de chuid Culture Team, chuir an Chomhairle leis an Plean um Chultúr agus Chruthaíocht na Mí 2017
- Grúpa stiúrtha um Plean Caomhnuithe Chnoc na Teamhrach - Cuireadh le hullmhúchán an Phlean Caomhnuithe do na tailte talún atá faoi sheilbh an Stáit ar Cnoc na Teamhrach
- Meitheal Phortach an Ghreallaigh - Tugadh tacaíocht do Mheitheal Phortach an Ghreallaigh, chun é a caomhnú agus bainistíocht a dhéanamh air.
- Turas Columbanus - Pleanáil agus tacaíocht d'fhorbairt Thuras Columbanus trí Chairde Cholumbanus (Poblacht na hÉireann)
- Comhairle leanúnach faoin oidhrecht i leith atreoraithe pleanála, do ghrúpaí poiblí agus pobail lena n-áirítear roinnt iarratas faoi Chuid VIII agus SID.

Tithíocht

Caipiteal Tithíochta

- Socraíodh maoiniú faoin gCoiste Gníomhachthuithe um Thithíocht Údaráis Áitiúil (CGTÚÁ) le haghaidh láithreáin san Uaimh (Baile Fargáin) agus Ráth Tó, do luach iomlán de €8.18m. Chríochnaíodh Comhaontuithe forbartha idir Comhairle Contae na Mí agus na réalóirí maidir leis na láithreáin CGTÚÁ, agus tá comhaontuithe deontais in ionad anois idir Comhairle Contae na Mí agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.
- Leanadh ar aghaidh ag cur chun feidhme an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh (Céim 1) i rith na bliana 2017, leis na hoibreacha tugtha chun críche ar 185 aonad tithíochta. Díriodh na hoibreacha ar an insliú ballaí agus áiléir. Tá oibreacha Chéim 1 le bheith críochnaithe ar stór iomlán Chomhairle Contae na Mí in 2018. Chomh maith leis an gclár thuas, críochnaíodh insliú seachtrach agus oibreacha aisfheistithe de réir na Scéime um Fhuinnimh Feabhsaithe (SEAI) ar 13 aonad san Uaimh.
- Tugadh faoi athchóirithe réamhligean ar 116 corrfholúntas sa bhliain 2017.

- Tugadh oibreacha ar 40 aonad chun críche de réir Scéim Oibreacha Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil.
- Cuireadh tionscadal tógála dreach Bhaile an Bhiataigh le linn 2017, agus cuireadh tionóntaí in 16 dá n-aonad in Iúil. Cuireadh tús le tógáil de 32 aonad i mBaile Átha Buí agus de 19 Aonad i mBaile an Línsigh in 2017, agus ceapadh conraitheoir maidir leis an suíomh in Ráth Tó (17 aonad).
- Chomh maith leis na tionscadail atá faofa go dtí seo, fuair tionscadail dhíreacha tógála Faomhadh Chéim 1 ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil le linn 2017, is ionann sin agus 103 aonad, agus roghnaíodh trí cinn de na suímh sin don seachadadh tógála ardluais.
- fáills faoin gClár Fála 2017 atá 54 aonad ag an gcéim díola shocraithe/dhúnta, suite ar fud an Chontae agus fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta 17 aonad sa bhreis ar sin.
- Seachadadh trí aonad in 2017 trí Chuid V.
- Fuarthas faomhadh buiséadach de €3,458,329 maidir leis an aighneacht i dtaca le hathchóirithe Chúirt Alverno. Tá seisiúin comhairliúcháin ag leanúint ar aghaidh le hoifigigh de chuid na Roinne maidir leis an spriocasnamh idir an méid maoinithe ar lorgaíodh agus an méid ar faomhadh é.

Leithdháiltí Tithíochta

- Sásóidh Comhairle Contae na Mí éilimh chóiríocht do 1.180 teaghlach sa bhliain 2017, trí mheán tacaíochtaí tithíochta éagsúla, lena n-áirítear an Íocaíocht Cúnamh Thithíochta, an Scéim Cóiríochta Ciosa, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, chomh maith le trí mheán na gcorrpholúntas.
- Táthar tar éis ceadú do 100 aonad faoin gClár Caiteachais Reatha na Tithíochta Sóisialta a ghnóthú ón saothar comhoibríoch le ríomhchláraigh Ceadaithe Tithíochta sa bhliain 2017, agus 66 aonad breise ag teacht i mbun oibre sa bhliain 2017 leis an earnáil tithíochta dheonach.
- Taifeadadh go raibh easnamh tithíochta de 2,467 le haghaidh Co. na Mí san Achoimre d'Easnamh Tithíochta 2017 amhail ar an 28 Meitheamh 2017 (olleasnamh tithíochta, faighteoirí den Íocaíocht Cúnamh Tithíochta san áirithe - 3,447).

Deontais Tithíochta

Tugadh cead do 283 iarratas deontais tithíochta faoi na scéimeanna seo a leanas: Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontais um Áiseanna Soghluaisteachta. Is ionann luach na nDeontas faofa in 2017 agus €1,938,611.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Theastaigh socrúchán cóiríochta éigeandála ó chéad teaghlach is seacht déag in 2017. D'éalaigh 147 ón chóiríocht éigeandála le linn 2017. Cuireadh tús le roinnt Comhaontuithe Seirbhíse idir Comhairle Contae na Mí agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le bunú samhlacha cóiríochta éigeandála sa Chontae.

Cóiríocht don Lucht Siúil

- Táthar tar éis na spriocanna cóiríochta don bhliain 2017 faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 - 2018 a ghnóthú.
- Tá an obair ag leanúint ar aghaidh chun an t-athchóiriú molta de láithreán stad Pháirc San Proinsias, a bhfuil faomhadh Roinne de €2,856,336 faighte aige, a thabhairt ar aghaidh.

Idirchaidreamh le Tionóntaí

Chríochnaigh 174 tionónta an oiliúint réamhthionóntachta i rith na bliana 2017, ag fáil éagsúlacht faisnéise maidir lena dtionóntacht le Comhairle Contae na Mí.

An Rannóg Phobail

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)

Is é feidhm an LCDC ná chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021 a chur chun feidhme, chun forfheidhmiú na gclár áitiúil agus pobail agus chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú thar ceann na ranna rialtais m.sh. cláir SICAP agus LEADER.

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (PÁEP) 2016-2021

Seoladh an PÁEP don Mhí i mí Eanáir 2017. D'ullmhaigh an BFÁC an Plean Pobail um an nGeilleagar Áitiúil Reachtúil 6 bliana i bpáirtíocht leis an gComhairle. Tá an Plean seo ar an bpríomh straitéis chun forbairt treoraithe sa Mhí agus an treorú d'acmhainní faoin mbainisteoireacht den BFÁC. Caithfidh gach uile iarratas maoinithe ar thionscadail molta a bheith ar aon dul le cuspóirí an phlean. Déanfar athbhreithniú ar an bplean in 2018.

An Clár um Ghníomhachtú an Chuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2015-2017

Seo í an tríú bliain den chlár 3 bliana seo a fhaigheann cistiú ón Roinn Forbartha Tuatha agus Pobail. Is í an aidhm atá le SICAP ná chun an bochtanas a laghdú, an cuimsiú agus an comhionannas sóisialta a chur chun cinn trí mheán na rannpháirtíochta agus an chomhoibríthe áitiúil. Dámhadh an tairiscint chun an clár 3 bliana a sheachadadh ar Chomhpháirtíocht na Mí agus buiséad €371,072 leithdháilte di don bhliain 2017. Cuirfear tús le clár nua 5-bliana i mí Eanáir 2018 agus beidh buiséad de €393,336 aige, agus bronnadh an conradh don chéad sheachadadh eile ar Chomhpháirtíocht na Mí.

An Clár Leader 2014-2020

Is iad an BFÁC/LAG/agus an tÚdarás Áitiúil a bhíonn freagrach as monatóireacht/maoirsiú ar sheachadadh an clár LEADER. Is ionann leithdháileadh na Mí faoin gclár agus €6,903,123.57. D'aontaigh an LCDC ar chomhchur chuige i leith LEADER leis an LCDC, agus an LAG agus Comhpháirtíocht na Mí mar an comhpháirtí forfheidhmithe (IP). Le linn 2017, d'fhaomh an LAG maoiniú i dtreo 5 imeachtaí féilte, is iad sin an fhéile scannánaíochta Guth Gafa, an fhéile Hinterland, an Taispeántas Ríoga na Mí, an fhéile Comóradh Chéad Bliain Francis Ledwidge, 2017, Craobhchomórtas Sheoltóireacht Ghainimh na hEorpa, 2017. Chomh maith leis sin tá maoiniú tar éis a bheith faofa do 2 fhorbairt saoráide phobail in nDamhliag agus i nDún Uabhair.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Tá ballraíocht de 515 ghrúpa ag an PPN i láthair na huaire. Tionóladh lánchruinniú chontae i mí Bealtaine agus i mí na Samhna agus bhí slua maith ann ó na grúpaí go léir.



Tá suíomh gréasáin an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), www.meathppn.ie agus an leathanach Facebook dá gcuid á uasdátú go rialta agus oibrí tacaíochta PPN saintiomanta a oibríonn i gcomhar leis an rúnaíocht chun a gcuid pleananna a chur ar aghaidh.

Tionscnamh na Mí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta



Cuireadh an dara straitéis Aoisbháúil 2017-2020 chun seoladh in 2017. Tugtar tiomantais chun fuascailte sa straitéis chun eochairlimistéir bhonneagair, iompair, seirbhísí, agus faisnéise ar fud an chontae a fheabhsú. Chuir Fo-choiste Aoisbháúil Bhaile Átha Troim imeacht faisnéise i mBaile Átha Troim i mí na Nollag 2017 ar ar freastail breis is 120 daoine scothaosta. Bhí roinnt seastán faisnéise agus aoichainteoirí ann ar an lá. Faoi láthair na huairé tá Comhairle Contae na Mí ag óstáil an Clár Náisiúnta um Aoisbhá Éireann ar bhonn eatramhach go dtí go bhfuil seirbhís comhroinnte náisiúnta bunaithe.

Comhairle na nÓg

Bhí Cruinniú Ginearálta Bliantúil ag Comhairle na nÓg sa Mhí an 7 Deireadh Fómhair 2016, agus os cionn 110 ógánach ag freastal air. Is é an topaic atá á phlé acu do 2017/2018 ná an Sláinte agus an Folláine agus bhí 5 cheardlann inar cuimsíodh an topaic seo sa Chruinniú Cinn Bliana. Chuir an grúpa faoi bhun tionscnaíochtaí eile faoin topaic seo i rith na bliana.

Comhchoiste Póilíneachta (JPC)

Tháinig an coiste le chéile uair sa ráithe agus thionóil siad a gcruinniú poiblí in Óstán, Trim Castle Hotel, i mí Dheireadh Fómhair 2017, ar a raibh slua maith ann ar an oíche.

Tháinig 3 fho-ghrúpa, Sábháilteacht an Phobail agus Cosc na Coireachta, an tOrd Poiblí agus Iompar Frithshóisialta, an tSábháilteacht ar Bóithre agus Iompar Feabhsaithe ag Tiománaithe, le chéile ar bhonn rialta, freisin.

Saoráidí Pobail

- Comhaontaigh Comhairleoirí de Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin ar Chuid 8 don pháirc líneach i gCill Dhéagláin ag an gcruinniú dá gcuid i mí an Mhárta. Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar an ndear mionsonraithe agus cuirfear tús leis an bpróiseas soláthair don tionscadal ag deireadh an chéim seo.
- Leithdháil an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige €15k de mhaoiniú chun an páirc súgartha i mBaile Lóibín a fhorbairt. Tá conraitheoir ceaptha agus cuireadh tús leis an obair sa tionscadal. De réir na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte tá €32,000 tar éis a bheith faofa i dtreo oibreacha atá bainteach leis an bpáirc spraoi.

Tionscnaimh Phobail - Mórtas Ceantair

Leanadh ar aghaidh leis an Mórtas Ceantair le comórtas ag leibhéal na gCeantar Bardasach agus le buaiteoirí ó gach Ceantar Bardasach ag dul ar aghaidh chun dul san iomaíocht ag leibhéal Contae. Bhí dhá chatagóir nua ann - Grúpa Nua Is Fearr agus Oibrí Deonach na Bliana a tugadh isteach i mbliana. Ghlac 203 grúpa agus gnólacht pháirt sa chomórtas agus 70 scoil, leis. Cuireadh ceithre ghrúpa isteach san iomaíocht do na Duaiseanna Náisiúnta a bhí ar siúl ar an 2 Nollaig - tháinig na Bailte Slachtmhara Bhaile Shláine isteach sa chéad áit agus tháinig Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Troim isteach sa dara áit ina gcatagóir. Ainmníodh Laochra Áitiúla Cheanannais agus Grúpa Oidhreachta agus Seandálaíochta Pobail Fhearann na mBráithre Dubha chomh maith.

Scéimeanna Deontais 2017

Próiseáladh na scéimeanna deontais seo a leanas in 2017:

- Scéim na nDeontas Pobail 2017 - Faomhadh 375 iarratas san iomlán faoi na catagóirí éagsúla.
- Scéim Deonuithe Bhaile Chearráin - 28 iarratas faofa
- Scéim Deontais Knockharley - Faomhadh 11 iarratas

Scéim Shaoráidí Pobal

Tá an Bord Forbartha Áitiúla Contae (BFÁC) ag riar an scéim faoi sainchúram na nÚdarás Áitiúil agus cuireadh leithroinnt de €64,500 ar fáil don Mhí. Faomhadh 63 ghrúpa don scéim agus tugadh 63 ghrúpa chun críche faoi dheireadh bliana.

Unity Centre, Baile na Gaoithe, An Uaimh



Soláthraíonn an Unity Centre spás do ghníomhaíochtaí pobail chomh maith le gníomhaíochtaí oiliúna agus fóillíochta. Reáchtálann daoine ó phobal Bhaile na Gaoithe Grúpa Tuismitheoirí agus Páistí Beaga agus Cumann Óige ar bhonn seachtainiúil, agus baineann an FSS, Rehab care, Prosper Meath, Seirbhís Chríochnaithe Scolaíocht na hUaimhe, Tacaíocht Teaghlaigh Springboard agus Orchard Children's Services leas as go rialta.

Ciste Éire Folláin (“Healthy Ireland”)

Tá an Bord Forbartha Áitiúla Contae (BFÁC) ag riar an ciste faoi sainchúram na nÚdarás Áitiúil. Tá cionroinnt de €100,000 ar fáil don BFÁC chun tacú le forfheidhmiú Tionscadal agus clár de chuid Éire Folláin (“Healthy Ireland”). Faomhadh 3 thogra - Slí na Sláinte Chill Dhéagláin, Páirc Spraoi Bhaile Lóibín agus Siúlóid an Fhómhair i gCeanannas.

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Tacaíonn an scéim seo le hathbheochan bailte agus sráidbhailte. Rinne an roinn 15 thionscadal a raibh luach de €905,000 i gceist leo san iomlán, a aighníú agus a faomhadh. Tá obair ar na tionscadail ag dul ar aghaidh.

Scéim Bonneagair Caithimh Aimsire Amuigh Faoin Spéir

Chuir an Chomhairle 11 iarratas isteach. Tá an Roinn tar éis sé tionscadal a aighníodh de réir Beart 1 a faomhadh; sráid Coill Bhaile na Rátha, Baile an Cheantaigh; Clarins Bridge, Ceanannas; Múrtha Cosanta, an Uaimh; Siúlóid Lúibe Phortach An Ghreallaigh; Siúlóid an Fhómhair, Ceanannas agus an Siúlóid cois Abhann, Ráth Tó. Críochnaíodh na hoibreacha seo faoi dheireadh na bliana.

Tionscnamh Clár

Clár um infheistíocht sonraithe le haghaidh limistéar Clár sainaithe atá i gceist anseo. Fuarthas deontais de €104k san iomlán ón roinn le haghaidh 4 tionscadal: tógáil cosáin in Kilskyre, uasghrádú cosáin i gCoill Fhallúin agus suiteáil de chomharthaí rabhaidh luais ag na scoileanna i mBaile an Locha agus in Ughtyneill a tugadh chun críche iad faoi dheireadh 2017.

LAPIF – (Limistéar a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Fhorbairt) [RAPID sa Bhéarla]

Moladh sa chlár go maoinofar tionscadail a théann i ngleic leis an míbhuntáiste agus déantar iarracht leis pobail i gceantair uirbeacha a fheabhsú. Déanann an BFÁC riaradh ar an gciste faoi sainchúram an Údaráis Áitiúil. Fuarthas 3 iarratas agus d'fhaomh an BFÁC cionroinnt de €64,500 don Choiste Feabhsúcháin um Shráidbhaile na hInse.

Leis an tionscadal seo, breacadh amach oibreacha chun breis feabhsúcháin a chur leis suíomh an tSean-Leabharlainne san Inse atá lonnaithe ag an mbealach isteach ar roinnt eastát tithíochta údaráis áitiúil, Bailtíní Mhuire & Cúirt Alverno san Inse ina measc, agus, chomh maith leis sin, chun an suíomh a fhorbairt mar ghairdín pobail. Críochnaíodh na hoibreacha seo faoi dheireadh 2017.

Ciste Pobail Eirgrid

Maoiniú aonuaire de €30k don choirnéil iardheisceartach de CB Bhaile Átha Troim faoi thionscadal Eirgrid atá i gceist leis seo. Sainaithe tionscadail phobail sa cheantar agus bronnadh maoiniúchán orthu chun cur leo. I measc na tionscadail seo tá Naíonra Pobail Chaisleán Shiurdáin, Club na Naíonán CLG Bhuaile na Bréachmhaí agus Club Óige Sóisir Shiurdáin.

Banda Leathan

Ceapadh Oifigeach Banda Leathan lánaimseartha i mí an Mheithimh 2017 chun forfheidhmiú an Phlean Náisiúnta Banda Leathan, chomh maith le tionscnaimh eile i gContae na Mí, a éascú. Mar chuid de seo, forbrófar straitéis dhigiteach do Chontae na Mí, agus tá obair fós ar siúl maidir leis seo.

Seirbhísí Leabharlainne

- Seachadadh clár Chomóradh Céad Bliain Francis Ledwidge i gcomhpháirt le geallsealbhóirí náisiúnta, áitiúla agus pobail
- Plean Gníomhachtúcháin 2017 don tionscnamh leagáide de 2016 *Éire Ildánach* seachadta.
- Críochnaíodh aistriú na seirbhísí fáltais chuig an gcóras soláthar leabharlainne náisiúnta nua.

- Athchumraíodh cleachtais oibre chun dul in oiriúint leis an tseirbhís leithdháilte leabharlainne náisiúnta nua *Newsread*. Tharla an seoladh náisiúnta san Uaimh, mí Bealtaine.
- Cuireadh tús le seirbhís féinfhrestail RFID i mbrainse Bhaile Átha Troim mar chuid den ullmhúchán le haghaidh an tionscnamh *My Open Library* agus socraíodh maoiniú de timpeall ar €200,000 le haghaidh forleathnú agus forfheidhmiú níos fairsinge den RFID ar fud an líonra bhrainse.
- Athchumraíodh an tseirbhís i mBaile Átha Troim agus cuireadh an aistriú chuig cóiríocht nua don fhoireann i gcríoch.
- Leathnaíodh an tSeirbhís Eolais Gnó *Work Matters* nuair a cuireadh i mbun é i leabharlann Ceanannais.
- Socraíodh cistiú de €8,100 le haghaidh fhorfheidhmiú an thionscnaimh leabharlainne de chuid Éire Folláin (“Healthy Ireland”).



- Uasgrádaíodh na brainsí i gCill Dhéagláin agus sa tSeancháisleán mar chuid de na hoibreacha Fuinnimh atá ar siúl ar fud na tíre.
- Uasgráduithe Leathanbhandach i nDamhliag, san Obair, sa tSeanchaisleán agus i mBaile Shláine.
- Forbraíodh leabharlann shóisearach i Lárionad Cóiríochta Mhaigh Muirí.
- Bhí Paul Gamble ag Féile Bhliantúil na Leabhar do Leanaí mar phríomhaoi inti i mí Dheireadh Fómhair. Eagraíodh breis is céad imeacht le beagnach 6,000 leanbh ó os cionn leathchéad scoil éagsúil ag freastal ar imeachtaí, sa chaoi go raibh sé mar an t-imeacht ceannródaíoch do leanaí sa Mhí.
- D’fhrestail os cionn 4,000 leanbh ar an gClár Samhraidh d’imeachtaí arna n-eagrú ag an tseirbhís leabharlainne i rith mhíonna Iúil agus Lúnasa.
- Ghlac 2,000 leanbh rannpháirt sa Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh bhliantúil.

Oifig na nEalaíon

FÉACH

Cur chun feidhme an chláir mheantóireachta agus oiliúna FÉACH d'ealaíontóirí gairmiúla i gcomhar ár gcomhpháirtithe náisiúnta lena n-áirítear Visual Artists Ireland, Kids Classics agus an Chomhairle Ealaíon. I measc na gclár, bhí:

'Let Our Voices Be Heard' Oiliúint um Scannán Faisnéise in Creative Spark, Dún Dealgan, tionscnamh ar chuir Northeast Filmmakers Network agus Little Road Productions ar siúl é.

Music in a Healthcare setting clár traenála do cheoltóirí atá ag súil lena gcuid scileanna ceoil a fhorbairt, agus post a fháil san earnáil sin. Curtha ar fáil le éascaitheoirí oilte de chuid Musique el Sante Grainne Hope agus Liam Merriman. I measc na páirtneirí cúram sláinte leis an tionscnamh, tá Ospidéal na hUaimhe agus Teach Altranais Naomh Iósaf, Baile Átha Troim.

Féile Bhealtaine 2017

Cuimhneacháin Cheolmhara léirithe curtha ar siúl i dtithe altranais agus in ionaid chúraim ar fud an chontae.

Téigh i gcomhairle leis an gCumadóir curtha le chéile le Kids Classics, is éard atá ann ná léiriú idirghníomhach curtha i láthair i sé ionad ar fud an chontae.

All Together Now! Collectivism, Civic Engagement and Protest!! Clár ceardlann dhá sheachtain déag sna hamharc-ealaíona a cuireadh ar siúl i dt trí ionad timpeall an chontae - i gCeanannas, san Uaimh agus i gCill Dhéagláin - chun féachaint ar théama na gníomhaíochais agus an ghearáin san Ealaín. Éascaithe ag an t-ealaíontóir Jillian Gott agus an críochnú le taispeántas de shaothar i nDánlann Toradh mar chuid de Chlár na Bealtaine.

Dánlann Toradh

Cuireadh sé taispeántas na hamharc-ealaíona ar siúl i nDánlann Toradh, Ionad Cultúrtha Chill Dhéagláin ina raibh aithisc, ceardlanna agus imeachtaí scoileanna le healaíontóirí a reáchtáladh sa Dánlann.



An Toradh ar camchuart – san Fhéile Hinterland Cheanannais Éire san Ealaín Chomhaimseartha 1916 – 2016, á coimeád ag Larry Lambe agus inar taispeánadh saothair de chuid Robert Ballagh, Sean Hillen, Alice Maher, David Linburn, Dermot Bolger, Rita Duffy & Padric Lynch; taispeántas páirtíochta in éineacht le Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh, agus Músaem Cathrach na Gaillimhe.

Saothair Choimisiúnaithe

‘From the Legion the Lost Ones’ & ‘Ettie’ – cónaitheacht drámaíochta agus ceoil lena bhfuil coimisiún leis ag an drámadóir a bhfuil duaiseanna buaite aice Deirdre Kinahan agus ag an gceoltóir atá lonnaithe i Nua-Eabhrac agus a bhfuil duaiseanna buaite aige Micheal Brunnock. Tacaithe le hIonad Ealaíona na hÉireann i Nua-Eabhrac agus leis an gComhairle Ealaíon, is éard atá i gceist leis seo ná saothar comhoibrithe le beirt ealaíontóirí a bhfuil cáil orthu as Contae na Mí chun saothair nua a cruthú. Sa chéad taibhiú den saothar do lucht féachana na Mí bhí na ceoltóirí Mick McAuley, Rob Graham & Samurai Leech agus Padraic McIntyre ag déanamh an tráchtairacht leis.

Illuminate Herstory

Teilgean d’íomhánna de thriúr bean as an Mí a ghlac páirt shuntasach in Éirí Amach na Cásca ar ballaí Theach Cúirte Cheanannais, Eanáir 2017 mar chuid den Chlár Náisiúnta Herstory.



Féile sholais dhomhanda bhliantúil is ea Illuminate Herstory, chun mná agus an comhionannas a cheiliúradh, lena lastar suas caisleán, músaem, amharclanna, leabharlanna, oifigí agus tithe teaghlaigh le solas chun mná agus cailíní a cheiliúradh.

Alice Stopford Green (1847 – 1929)

Ceanannas, Co. na Mí

Staraí agus Náisiúnaí Éireannach

Faigh amach níos mó ag www.herstory.ie

Leanaí & an tAos Óg

SongSchool: Ceardlann cumadóireachta amhrán curtha i láthair le SongSchool/CreateSchool i dTeach Cúirte Cheanannais ag briseadh meán-téarma Feabhra 2017. D'fhéach fiche duine óga ar cheard na hamhránaíochta, cumadóireachta, tionlacain agus an taifeadta agus ag deireadh an cleachta sin rinneadar léiriú ar an oíche dheireanach do thuismitheoirí/caomhnóirí agus do chairde a tugadh cuireadh dóibh teacht.

Ceolfhoireann na nÓg Bhaile Iúilian – Gesamtkunstwerk: tugadh tacaíocht do na rannóga sinsearach de Cheolfhoireann na nÓg Bhaile Iúilian agus a n-iarracht saothar nua a chruthú lena baintear tairbhe as rannpháirtíocht an aois óig i bhfoirm ar leith de léiriú drámaíochta ina gcuirtear ceoltóirí ceolfhoirne i lár an phróisis cruthaitheachta agus léirithe, agus dá spreagadh chun gníomhú ar stáitsiú ar bhealaí as an nua. Déanann an fhoireann an ceol a chumadh agus an t-eispéireas cruthaitheacha a fhorleathnú tríd iad a spreagadh chun gnéithe úrnua léirithe a chur leis a gníomhaíocht ar stáitse dála amhránaíochta, damhsa, aisteoireachta, gluaiseachta etc. Chun na críocha sin, d'oibrigh siad i gcomhar leis an treoraí Fergus Sheil, le John McIlduff (stiúrthóir), Sarah Jane Sheils (dearthóir), Clodagh Deegan (dearthóir feistis) agus Jessica Kennedy (cóiréagrafaí).

Songs of Our Children: Tionscadal Cumadóireachta Amhrán Traidisiúnta do Leanaí faoi stiúir an bhéaloidiseora Micheal Fortune i trí scoil sa Mhí i gcomhar le hamhránaithe áitiúla agus ceoltóirí áitiúla.

Ceardlann Priontála: Ceardlann litirphreasa faoin Mhúsaem Náisiúnta Cló don aos óg curtha ar fáil mar chuid d'Fhéile TypeTrail Cheanannais.

Féile Oíche Shamhna do leanaí “Púcas & Potions”

Sraith de cheardlanna déanta lóchrannaí curtha le chéile agus curtha ar fáil ag SN O'Growney, Baile Átha Buí.

Ceardlanna oscailte Púcas & Potions do leanaí & don aos óg curtha le chéile agus curtha ar fáil ag Féile Oíche Shamhna HQ Bhaile Átha Buí, 31 Deireadh Fómhair.

Féilte

Féile TypeTrail Cheanannais - ag féachaint ar an gCló mar fhoirm ealaíne: Beidh breis is 32 suiteáil de clóghrafaíocht ag láithreáin éagsúla i gCeanannas mar chuid den Fhéile Bhliantúil TypeTrail chun tacaíocht a thabhairt don obair a dheánann an Comharghnó Ealaíontóirí Kells Sawmills. Bhí clár ceardlainne tiomnaithe ann chun na suiteálacha a dhearadh agus a cruthú sna scoileanna áitiúla, sna grúpaí pobail, idir ealaíontóirí aonair agus ag mic léinn tríú leibhéal ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.



An Féile Hinterland: Chun tacaíocht a thabhairt don athbhrandáil agus don fhorbairt chláir. Rinneadh cláreagrú ar na himeachtaí Cuairte Liteartha - bhí clár páirtíochta le Litquake Literary Festival San Francisco mar chuid d'Fhéile Hinterland. I measc na n-imeachtaí bhí léacht ó *Ettie* le Deirdre Kinahan agus *From the Legions of the Lost Ones* le Padraic McIntyre.

Clár Ceiliúrtha Chomóradh Céad Bliain Francis Ledwidge

Chomhoibríomar le Seirbhísí Cultúrtha MCC chun ceannaireacht a ghlacadh ar Chomóradh Céid Bliain Francis Ledwidge i bpáirtíocht le Coiste Mhúsaem Francis Ledwidge agus le hAonad na Deich mBliana de Chomórtha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Mar chuid den chlár bhí foilseacháin, seimineáir, ceol agus drámaíocht chomh maith le clár fairsingíoch de rannpháirtíocht phobail ina raibh ocht déag grúpa dheonacha agus phobail chun Ledwidge a cheiliúradh ina mbealach féin.



Duais scríbhneoireachta chruthaitheachta Francis Ledwidge - Bheartaíomar an duais nua seo, chuireamar i ngníomh í rinneamar bhainistiú uirthi chomh maith.

Home - Rinneadh dealbh comórtha de Ledwidge, a rinne Liam Ó Broin, a choimisiúnú agus a bhainistiú. Rinneadh sraith leaca cré-umhaí a choimisiúnú ar ar scríobhadh línte ó fhilíocht Ledwidge chun ‘conair’ timpeall’ sráidbhaile Bhaile Shláine a dhéanamh - ealaíontóir Liam Ó Broin.

'Where Angels Listen' - Rinne cuid de na healaíontóirí is mó cáil de chuid na hÉireann sa lá atá inniu ann freagra cruthaitheach agus ceanúil a thabhairt do shaol agus do shaothair an fhile as Baile Átha Shláine Francis Ledwidge. Chuir an drámadóir Deirdre Kinahan le chéile é agus thug sí cuireadh chuig Steve Wickham (Waterboys), Sinead Gleeson (RTÉ, The Book Show), SaraMai & Oisín Leech i measc ealaíontóirí eile teacht chun saothair nua atá spreagtha ag filíocht Ledwidge ar stáitse.

Scéimeanna Gradam Deontas & Sparánachtaí Ealaíon

Rinneadh riaradh agus measúnú ar 94 iarratas faoi sé Gradam, Deontas & Sparánachtaí Ealaíon agus rinneadh iad sin go léir a phróiseáil.

Éire Ildánach

Oibríodh i gcomhar a chéile leis an bhFoireann um Sheirbhísí Cultúrtha chun Plean Gníomhachtú Éire Ildánach a fhorbairt do 2017 agus chun é a chur i bhfeidhm: cruinniú comhairliúcháin phoiblí a éascú, Solstice Aibreán 2017; cionroinnt maoinithe, dul i gcaidreamh le tionscadail ar éirigh leo; ionchur do Plean Cultúrtha agus Cruthaitheachta na Mí.

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Déanann Comhairle Contae na Mí bainistiú agus cothabháil ar ghréasán bóithre de bhreis is 3,500 km. Déantar é sin le comhar agus cúnamh ón NTA, TII, agus DTTAS trí 4 phríomhghné, is iad sin:

- Cothabháil na mBóithre, lena n-áirítear an ghnáth-chothabháil, cothabháil an gheimhridh, cóiriú dromchla agus soilsiú poiblí.
- Feabhsuithe ar bhóithre, lena n-áirítear feabhsú roghnach, feabhsú athchóirithe, scéimeanna feabhsúcháin sonracha agus scéimeanna feabhsúcháin eile
- Trácht ar bhóithre, lena n-áirítear bainistiú agus sábháilteacht tráchta
- Tionscnaimh um iompar inbhuanaithe

I measc na Feabhsuithe Bóithre a rinneadh in 2017, cuireadh clár oibreacha bóthair de timpeall ar €26m i gcrích agus críochnaíodh 16 Scéim um Rannpháirtíocht Phobail. Leis an scéim seo tugtar sárthaispeántas ar conas is féidir comhobair leis an gComhairle agus na pobail ag saothrú i gcomhar a chéile feabhsaithe suntasacha a dhéanamh ar bhóithre a chur i gcrích, nach bhfaigheadh maoiniú cothabhála/feabhsaithe atá de dhíth murach an comhobair sin. Rinneadh iarratais a phróiseáladh chomh maith le haghaidh rannpháirteachais sa Scéim CIS do 2018 agus 2019 agus rinneadh teagmháil leis na pobail éagsúla ar éirigh leo.

Cuireadh ar aghaidh na Scéimeanna seo a leanas sa bhliain 2017 um Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre den Dara Grád:

- N2 Seachbhóthar Bhaile Shláine - Tá Staidéir ar Shrianta agus ar Roghnúchán Bealaigh ar siúl
- Céim 2 an N51 ag Dún Mó – Próiseas Chuid 8, ordú ceannaigh éigeantaigh ullmhaithe
- N52 Gráinseach i leith Clontail Rothaíocht bhóthair déan uisce faoi thalamh - sainchomhairleoirí ceaptha
- N2 Balrath go Cushinstown, N2 Scéimeanna Cosáin Coolalis agus Clontail
- N51 Scéim forleagtha pábhála (Pábháil forphíosa déan uisce faoi thalamh cuir i gcrích (NIIR -Round O go Bóthar na Mainistreach).

Scéimeanna neamhnáisiúnacha breise a rinne iad a chur ar aghaidh in 2017:

- R150 Bóthar Dromlaigh idir an Inse agus Baile an Bhiataigh - ceapadh sainchomhairleoirí chun ordú ceannaigh éigeantaigh a ullmhú.
- LDR4 Fearann na Mainistreach, An Uaimh - Sainchomhairleoirí ceaptha chun iarratas a ullmhú le haghaidh faomhadh reachtúil
- LDR6 An Uaimh R153 go Balymacon - Comhaontas LIHAF leis an réalóir sínithe, Innealtóirí Comhairleacha ceaptha
- Bóthar Faoisimh Lasmuigh Ráth Tó - síníodh an comhaontú LIHAF leis an réalóir. Idirbheartaíocht tairisceana ar siúl le sainchomhairleoir.

Athchóiriú Bóithre

- Bóithre Réigiúnacha - 11.3 km agus Bóithre Áitiúla 64.5 km. (lena n-áirítear 8.0 km do CIS)
- Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla - 9km

Cóiriú Dromchla:

- Réigiúnach – 22.6 km. (lena n-áirítear fad na mbóithre a rinneadh iad a athchóiriú)
- Áitiúil –74.4 km (lena n-áirítear fad athchóirithe bóithre) (agus lena n-áirítear 7.7 k le haghaidh CIS).

Oibreacha Deisiúcháin Droichead

Rinneadh obair dheisiúcháin ar na droichid seo a leanas: Droichead Bhaile an Bheighigh, Baile an Bheighigh; Droichead Lios na gCeann, Ceanannas, Droichead Bhaile an Chabhsaigh, Stigh Colláin; Droichead Bellinter, An Uaimh; Droichead Doghtog, Doghtog; Droichead Bhaile Sheáin, Ráth Cuair; Droichead Clondoogan, Cnoc an Línsigh.

Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Curtha Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal i bhfeidhm ag an R108 Crois Clinstown, ag Crois Fennor R195/L6814-16 Gamhal Sheanchaisleáin, L5619 Crois Lógán an Hallaí, R161 Crois Chonaill, ag Baile Roibín agus ag an R147/149 Gamhal, Cluain Aodha.

Scéimeanna um Iompar Inbhuanaithe

Cuireadh ar aghaidh an saothar i leith na scéimeanna seo a leanas sa bhliain 2017:

- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun ullmhúchán a dhéanamh do Chuid 8 den Chonair Cois Bóinne.
- Leanadh ar aghaidh le dearadh Ghlasbhealach na Bóinne – Céim 2 (ar siúl).
- Críochnaíodh Cuid 8 le haghaidh An Uaimh 2030 chun feabhas a chur leis an gcóras iompair poiblí agus le bainistíocht tráchta a bhaineann leis do lár na hUaimhe.
- Leanadh ar aghaidh le Dearadh an Líonra Rothair don Uaimh.
- Leanadh ar aghaidh le Dearadh an Líonra Rothair do Ráth Tó lena n-áirítear tógáil na háiseanna rothaíochta agus coisithe ar Bhóthar Chnoc Bhruach na Cluana.
- Críochnaíodh Cuid 8 do Dhroichead Starrmhaide ar Bhóthar Bhaile an Cheantaigh.
- Críochnú an Trasriain Thúcánaigh do Choisithe i nDún Búinne.
- Críochnaíodh an staidéar ar iompar maidir leis an M3 ar Dhún Búinne agus an timpeallacht air.
- Páirceáil & Taisteal na hInse.



Rinne an tAonad Iompair Inbhuanaithe scéimeanna eile a dhearadh/thógáil le haghaidh Bardas Ceantair Iompair.

- Staidéir Sábháilteachta ar bhóithre ar an R157, an bóthar idir Dún Búinne agus Maigh Nuad.
- Oibreacha Feabhsaithe Thimpeallán an Chuarbhóthair
- Tógáil an Ghlasbhealaigh 19 km ar fad idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh ar feadh na Canálach Ríoga.
- Nasc Cosáin Baile Mhic Gormáin – Steach Maoilín tógtha.

Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais

Den chuid is mó, tá an t-athbhreithniú ar theorannacha luais sa tír críochnaithe. Glacadh leis an bhfodlí d'éastáit tithíochta agus tiocfaidh sé in éifeacht i mí na Samhna 2017. Bhí an Dréachtfhodlí Contae um Luasteorainn Speisialta do luasteorannacha ar fud na tíre ar taispeáint go poiblí suas go dtí an 30 Lúnasa. Léiríodh leis sin an t-athbhreithniú atáthar á dhéanamh ar luasteorannacha ar an gcóras bóithre fud na tíre in 2016/2017. Tá an fodlí réidh le bheith glactha leis ar feitheamh deimhnithe de na moltaí do na Bóithre Naisiúnta ón TII.

Seirbhísí Eile

- Gnáth-chothabháil, Seirbhís Chothabhála Geimhridh agus Cothabháil Gléasra & Innealra
- Seirbhísí Soilsithe Phoiblí agus Scéimeanna um Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Rialú Forbartha / Comhairle Pleanála Iompair
- Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre, cur chun tosaigh agus oideachas
- Fiosruithe maidir le ceadúnais oscailte bóithre, iarratais d'ualach neamhghnách agus Seirbhísí i bhFeidhm.

Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála

Baineann tábhacht shuntasach le cosaint an chomhshaoil agus le feabhsú chomhshaoil nádúrtha agus tógtha an chontae d'áitritheoirí agus do chuairoteoirí ar Chontae na Mí. Is ríbhunúsach iad an t-aer agus an t-uisce glan, tuath shaor ó bhruscar, tránna gan mhilleadh agus córais bhainistíocht dramhaíola inbhuanaithe do chomhshaoil inbhuanaithe ardcháilíocht agus d'fheabhsú cháilíocht na beatha dár saoránaigh.

Tosaíochtaí Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil

Lean an Chomhairle léi ag cuir forálacha de chuid na reachtaíochta um chomhshaoil, de réir mar a gceanglaítear le hachtanna, i bhfeidhm go gníomhach. I measc na dtionscnamh comhlíonta tá cigireachtaí agus/nó iniúchtaí chun deimhniú go gcomhlíontar leis an reachtaíocht chomhshaoil ar fad lena n-áirítear an t-aer, fuaim, níotrítí, uisce agus reachtaíocht maidir le dramhaíl. Ba iad na tosaíochtaí príomhúla i leith 2017 ná:

- Dumpáil mhídhleathach lena n-áirítear dramhaíl tógála agus scartála
- Comhlíonadh na bainistíochta fhuíoll teaghlaigh lena n-áirítear na haraidí donna.
- Feithiclí a bhfuil a ré caite lena n-áirítear carranna tréigthe.
- Boinn
- Cigireachtaí feirme agus trasthuairisciú leis an Roinn Talmhaíochta Bia & Mara.
- Cigireacht um Dhramhuisce in aon dul leis an Plean Cigireachta Náisiúnta.
- Ceadúnú de díluchtuithe Alt 4
- Rialacháin um Breosla Soladach - forfheidhmiú gual toiteach

Gníomhaíochtaí Oideachais agus Feasachta Comhshaoil

Chuaigh an Chomhairle i mbun réimse leathan gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí oideachais agus feasachta comhshaoil sa bhliain 2017, lena n-áiríodh:

- Tionscnaimh um na Scoileanna Glasa lena n-áirítear ceardlanna ar bhruscar agus ar dramhaíl, ar fhuinneamh, uisce, bithéagsúlacht agus an saoránacht domhanda.
- Iar-bhunscoileanna – The Really Rubbish Film Company, ECO UNESCO Young Environmentalist, Leave No Trace – Clean-Up Navan Campaign
- Grúpaí Pobail - Anti Litter League, Clean-Up Navan, Climate Change Community Action event, 2 Minute Beach Clean Up, Up-cycle Furniture Workshops for Reuse Month
- An 'Stop Food Waste Campaign' Feachtas, lena n-áirítear fógraíocht i bpictiúrlanna, lasmuigh, ar bhusanna agus in ionaid shiopadóireachta, léirsithe, ábhair fógraíochta agus suíomh gréasáin.

- Tionscnaimh Fhríth-Dhramhaíola ag Droichead na Bóinne - an Uaimh, Abhainn Ghabhra - Cill Dhéagláin, Portach an Ghreallaigh - Ceanannas agus Portach An Bhóthair Mhín.
- Feachtas Feasachta um Shalú ag Madraí in éineacht le Comhairle Contae Lú.
- Bailiú dramhaíl ghuaiseach tithíochta agus bailiúchán lae le haghaidh seanbhréagán.



Polasaí um Charranna Tréigthe

Cuireadh isteach polasaí um feithiclí tréigthe in 2017 tar éis méadú a tháinig go an-tapa ar an líon feithiclí ar fuarthas tuairisc dóibh a bheith tréigthe.

Táthar ag éirí go maith leis an bpolasaí nua sa tslí is go bhfuiltear ag tógáil roinnt mhaith feithiclí. Mar sin féin, ar uaireanta nuair nár éirigh leis an úinéir cláraithe freagair a thabhairt tar éis roinnt mhaith fógraí a d'fhág go mbaineadh na feithiclí i gceist, gur scríosadh iad agus na deimhnithe a cuireadh isteach leis. Tá an Chomhairle ag iarraidh aon chostais a bhaineann leis an sealbhóir cláraithe deireanach a fhorchúitiú.

An tAthrú Aeráide

Fostaíodh sainchomhairleoirí chun Straitéis um Gníomhú ar son na hAeráide agus chun deimhniú go mbeidh an t-ábhar seo comhtháite go daingean sa phróiseas athbhreithniúcháin a dhéanfar ar Phlean Forbartha Contae na Mí 2019-2025. Bailíodh faisnéis maidir le taifid astuithe bonnlíne agus measúnaithe um riosca aeráide a chuirfear leis an bPlean um Gníomhaireachtaí ar son na hAeráide agus um Fhuinneamh Inbhuanaithe, rud gur gá de réir Conradh na Méaraí, an ghluaiseacht Eorpach lena ndéanann údaráis áitiúla agus réigiúnacha a thiomnú go gcuirfear leis an iarracht spriocanna an AE chun gás ceaptha teasa a bhaint amach agus chun dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide.

Bainistiú Pleanála Abhantraí

Déantar foráil leis an Chreat-treoir Uisce don creatlach dhlíthiúil atá de dhíth chun an t-uisce glan a chosaint agus chun é a athchóiriú, agus chun an úsáid bhuan fhadtréimhseach a dheimhniú, agus éiríonn linn é seo a dhéanamh trí Phleananna um Bainistiú Abhantraí a chur i bhfeidhm. Foilsíodh Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí lena gclúdaíodh an tréimhse 2018-2021 i mí an Mhárta 2017 agus cuireadh chuig comhairliúchán pobail go dtí deireadh Lúnasa 2017.

Sa dréachtphlean cuirtear ar fáil meastóireacht de na brúnna atá ar an timpeallacht uisce in Éirinn, agus den chlár molta de bhearta le bheith curtha i bhfeidhm sa tréimhse suas go dtí 2021. Mar chuid de na seisiúin fhorleithne chomhairliúcháin maidir leis an dréachtphlean, tionóladh sraith de 6 chruinniú poiblí i gCeanannas, san Uaimh, i mBaile Átha Troim, i nDún Sheachlainn, i gCill Dhéagláin agus i mBaile an Bhiataigh inar tugadh deis do pháirtithe leasmhara aon ábhar is cúram dóibh a bhreacadh amach maidir le comhlachtaí áitiúla uisce. Tar éis sraith de cheardlanna measúnuithe do bhreacantair, rinneadh ocht gcomhlacht uisce i gContae na Mí a shainaithint do ghníomhaíocht tosaíochta le linn shaolré an phlean le bheith glactha go luath in 2018.

Soláthar Sleamhnán - An Bhóinn agus An Abhainn Dhubh

Cheap an Chomhairle, i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla eile le freagrachtaí as an mBóinn agus as an Abhainn Dubh, comhairligh chomhshaoil is speisialtóirí chun measúnú a dhéanamh ar shuímh na sleamhnán sealadach do bháid atá i bhfeidhm ar feadh Abhainn na Bóinne agus chun na suímh is iomchuí a mholadh do shleamhnáin bhreise do bháid ar an mBóinn agus ar an Abhainn Dhubh, atá ainmnithe araon mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC).

De bharr na sainainmniúcháin siúd, rinneadh scagthástáil le haghaidh meastóireacht iomchuí agus dá réir sin ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura iomlán a aighníodh é don Bhord Pleanála le bheith faofa.

Plean Bainistíochta Trá

Cuireadh Dréachtphlean Bainistíochta Tránna maidir le cuid den chósta ó bhéal abhainn an Nanny go dtí an balla mara ag Baile Uí Mhornáin ar taispeántas poiblí go dtí Iúil 2016 spreagadh a lán daoine aighneachtaí a chur isteach dá bharr lena cuimsíodh raon fairsing ceisteanna.

Tá an t-imeallbhord ainmnithe faoin SAC, faoin NHA agus faoin SPA agus, de réir an Treora um Ghnáthóga de chuid an AE, rinneadh scagthástáil um meastóireacht iomchuí agus táthar ag ullmhú Ráiteas Tionchair Natura faoi láthair de réir na tástála sin a mbeifear ag tabhairt faoi bhráid an phobail le haghaidh comhairliúcháin phobail.

I mí an Mhárta 2017, bunaíodh Coiste um Bainistíocht Tránna gurb é atá ann ná ionadaithe thar ceann grúpaí pobail agus deonacha éagsúla chomh maith le Comhairleoirí tofa ó MD Bhaile an Bhiataigh/ na hInse. Cuirfidh an coiste fóram in áit le haghaidh cumarsáide agus comhairle maidir le feabhsaithe maidir leis an trá.



Boinn - Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Boinn agus Boinn Dramhaíola) 2017

I mí Mheán Fómhair 2017, tugadh Rialacháin na isteach i bhfeidhm sa dlí agus rinneadh foráil leis sin do na táirgeoirí agus miondioltóirí bonn rotha a bheith ina mball de REPAK de comhlacht formheasta do bhoinn agus do tháirgí chun clárú le Clárúchán do Tháirgeoirí Teoranta, Comhlacht Clárúcháin Formheasta.

Athruithe don socrú um bailiúchán fuíll teaghlaigh

I mí an Mheithimh 2017, dheimhnigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil go raibh an Rialtas tar éis creatlach níos solúbtha um tháillí bailithe dramhaíola a fhaomhadh, lena n-áirítear foráil lena gcuirfear deireadh le 'ráta comhréidh ina iomláine' ar an dramhaíl tí de réir mar a dhéanann custaiméirí a gconarthaí a athnuachan nó conradh nua a thosú, agus déanfar struchtúr praghsála dreasaithe a chur isteach ina ionaid le haghaidh bailithe fuíll tí.

Cuirfidh na forálacha nua ar ár gcumas raon roghanna gearrtha táillí, a dhála dá bhfuil an chuid is mó de thomhaltóirí feasach orthu, agus a spreagfaidh na sealbhóirí tí a ndramhaíl a mhaolú agus a roinnt agus ag an

am céanna an tairiscint phraghais seirbhíse a roghnú a oireann is fearr dóibh agus a cheadaíonn dóibh a gcostas a bhainistiú.

Faoin tsocraíocht nua, tabharfar solúbthacht do na bailitheoirí dramhaíola leanúint ar aghaidh ag cur réimse de roghanna praghsála dreasaithe ar fáil, nó chun tús a chur leis sin, dá gcustaiméirí. I measc na roghanna seo tá gnéithe nó meascáin de buanmhuirir, agus íoc-ar-bhaint, de réir meáchan kg, bannaí meáchain, agus táillí liúntais meáchain.

B'éigean do na bailitheoirí dramhaíl go léir araidí “donna” bia/dramhaíl orgánaigh a chur amach de réir a chéile go dtí na dúichí uile ar fud na tíre ina bhfuil daonra de bhreis is 500 duine iontu.

An tSeirbhís Dóiteáin

Clúdaítear raon fairsing feidhmeanna le Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Mí, ó fhreagairtí oibríochtúla go cosc dóiteáin, lena n-áirítear:

- Seirbhísí comhraic dóiteáin agus tarrthála
- Sábháilteacht dóiteáin phobail
- Cosc dóiteáin teicniúil
- Pleanáil Mhóréigeandála agus réamhtheagmhais

Tá Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Mí réidh chun freagairt do raon eachtraí agus éigeandálaí de réir mar a iarrann Ionad Rialaithe Réigiúnach an Oirthir tríd an gcóras 999/112. Chun deimhniú go dtabharfar freagairt éifeachtach agus éifeachtúlach leanúnach, déantar an fhoireann a thraenáil go leanúnach chun a cumas a choimeád maidir leis an raon fairsing de scileanna atá de dhíth. Tá an trealamh agus an flít speisialaithe riachtanach chun an tseirbhís a sholáthar agus tá an soláthar leanúnach agus an chothabháil ina gnéithe tábhachtacha den leithroinnt buiséad bliantúil.





Sláinte agus Sábháilteacht

Tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Mí tar éis obair a dhéanamh chun Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar fáil agus a chothabháil agus faoi láthair na huairé tá creidiúnú OHSAS 18001 aici, caighdeán idirnáisiúnta lena gcuirtear creatlach ar fáil chun na rioscaí a bhaineann leis an sláinte agus sábháilteacht san áit oibre a sainiú, a rialú agus a laghdú. Leanfaidh an tseirbhís dóiteáin ar aghaidh ag monatóireacht feabhsaithe agus dá bhforfheidhmithe ceangaltais sláinte agus sábháilteachta reachtúla agus leanfar leis an oiliúint foirne de réir an Phlean Oiliúna atá beartaithe chun deimhniú ardchaighdeán de sholáthar seirbhíse.

Trealamh

Úsáideann Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Mí raon leathan de threalamh speisialta chun a seirbhís oibríochtúil tarrthála a chur ar fáil agus rinneadh infheistíocht shuntasach le linn 2017 i dtrealamh lena n-áirítear trealamh chun gearradh agus chun tarraingt daoine as le húsáid ar eachtraí a tharlaíonn ar bhóithre.

Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal

Bíonn Oifigigh Choisc Dóiteáin ag plé le réimse fairsing d'iarratais ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán le haghaidh forbraíochtaí nua agus reatha araon agus déanann siad raon fairsing de chigireachtaí chun déileáil leis an tsábháilteacht ar dhóiteán sa soláthar foirgneamh atá ann cheana chomh maith le forbraíocht molta trí naisc dhaingne leis an Rannóg Rialaithe Pleanála agus Tógála. Is ról lárnach don tseirbhís dóiteáin é an pobal a mhúineadh maidir leis sábháilteacht ar dhóiteán agus cuireadh tús le feachtais sonraithe le linn 2017 ag uaireanta éagsúla i rith na bliana, go háirithe le linn Sheachtain na Sábháilteachta ar Dhóiteán agus Oíche Shamhna. Déanfaidh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Mí gach uile iarracht chun cur leis an leibhéal gníomhaíochta maidir le sábháilteacht phobail ar dhóiteán, ag cur aird ar leith ar an tsábháilteacht ar dhóiteán sa bhaile.

Cosaint Shibhialta

Tá dhá chéad **bhall deonacha** gníomhacha ann faoi láthair sa **Chosaint Shibhialta** ar fud Chontae na Mí. I dteannta leis na gnáthghníomhaíochtaí oiliúna sna naoi lárionad oiliúna, ba bhliain ghnóthach í 2017 agus breis is chéad is ochtó lá dualgais ar eachtraí timpeall an chontae, ina dtugadh cúnamh do na seirbhísí éigeandála agus do phobail áitiúla.

